BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

19 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas tearmainn – Cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe – Treoir 2001/55/CE – Airteagail 4 agus 7 – Ionradh Fhórsaí Armtha na Rúise ar an Úcráin – Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 – Airteagal 2(3) – Cumhacht Ballstáit cosaint shealadach a chur i bhfeidhm ar dhaoine easáitithe nach gcumhdaítear leis an gcinneadh sin – An pointe ag a bhféadfaidh Ballstát a dheonaigh cosaint shealadach do dhaoine den sórt sin deireadh a chur leis an gcosaint sin – Náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh – Treoir 2008/115/CE – Airteagal 6 – Cinneadh um fhilleadh – An pointe ag a bhféadfaidh Ballstát cinneadh um fhilleadh a ghlacadh – Fanacht go neamhdhleathach)

Cásanna uamtha C-244/24 agus C-290/24 [Kaduna] [i],

IARRATAÍ ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ó rechtbank Den Haag, zittingsplaats Amstardam (Cúirt Dúiche na Háige, ina suí in Amstardam, an Ísiltír) (C-244/24), agus ón Raad van State (an Chomhairle Stáit, an Ísiltír) (C-290/24), trí bhreith an 29 Márta 2024 agus an 25 Aibreán 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 4 Aibreán 2024 agus le 25 Aibreán 2024 faoi seach, sna himeachtaí

P (C-244/24),

AI,

ZY,

BG (C-290/24)

v

Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe, C. Lycourgos (Rapóirtéir), I. Jarukaitis, S. Rodin, A. Kumin, N. Jääskinen, D. Gratsias agus M. Gavalec, Uachtaráin Dlísheomra, E. Regan, J. Passer, Z. Csehi agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

[i] Is ainm dlítheanach é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí.

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: N. Mundhenke, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 3 Meán Fómhair 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– P, ag C. E. van Diepen, advocate,

– AI, ag P. Krämer-Ograjensek, advocate,

– ZY, ag R. H. T. van Boxmeer, advocaat,

– BG, ag T. E. van Houwelingen-Boer, advocaat,

– Rialtas na hÍsiltíre, M. K. Bulterman, A. Hanje agus J. Langer, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Baeckelmans, F. Blanc–Simonetti, M. Debieuvre agus A. Katsimerou, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 22 Deireadh Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú:

– Airteagal 4 agus 7(1) de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit ó thaobh na daoine sin a ghlacadh agus ó thaobh déileáil leis na hiarmhairtí a thagann as sin (IO 2001 L 212, lch. 12); Airteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022, lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO 2022 L 71, lch. 1); agus Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L, 2023/2409);

– agus Airteagal 6 de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO 2008 L 348, lch. 98).

2 Rinneadh na hiarrataí in dhá shraith imeachtaí idir P (C-244/24) agus AI, ZY agus BG (C-290/24), náisiúnaigh tríú tír, agus Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Státrúnaí Dlí agus Cirt agus Slándála, an Ísiltír) ('an Státrúnaí') maidir le scor na cosanta sealadaí a thugtar do na náisiúnaigh sin agus dlíthiúlacht na gcinntí um fhilleadh a ghlactar ina leith.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Forálacha maidir le cosaint shealadach

– *Treoir 2001/55*

3 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 2, 8 agus 13 de Threoir 2001/55:

'(2) Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas san Eoraip ar líon na ndaoine easáitithe nach bhfuil in ann filleadh ar a dtíortha tionscnaimh. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé gur ghá socruithe eisceachtúla a chur i bhfeidhm lena n-áiritheofar cosaint láithreach agus shealadach do na daoine sin.

[...]

(8) Is gá, dá bhrí sin, caighdeáin íosta a bhunú chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus foráil a dhéanamh maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit ó thaobh na daoine sin a ghlacadh agus ó thaobh déileáil leis na hiarmhairtí a thagann as sin.

[...]

(13) I bhfianaise chineál eisceachtúil na bhforálacha a leagtar síos sa Treoir seo chun déileáil le hinsreabhadh ollmhór daoine atá ann faoi láthair nó atá ar tí tarlú de dhaoine easáitithe ó thríú tíortha nach féidir leo filleadh ar a dtír thionscnaimh, ba cheart tréimhse theoranta a bheith ag baint leis an gcosaint a thugtar.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 1 den Treoir sin:

'Is é is cuspóir don Treoir seo caighdeáin íosta a bhunú maidir le cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ó thríú tíortha nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit ó thaobh na daoine sin a ghlacadh agus ó thaobh déileáil leis na hiarmhairtí a thagann as sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 In Airteagal 2 den Treoir sin sonraítear an méid seo a leanas:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “cosaint shealadach”, nós imeachta eisceachtúil lena gcinntítear cosaint láithreach agus cosaint shealadach, i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe, nó insreabhadh ollmhór daoine easáitithe atá ar tí tarlú, a thagann as tríú tíortha nach féidir leis na daoine sin filleadh ar a dtír thionscnaimh, cosaint a thabhairt dóibh, go háirithe i gcás inar dócha nach mbeadh an córas tearmainn ar a chumas chun deileáil leis an insreabhadh sin gan iarmhairtí atá malartach ar a dhea-fheidhmiú, ar mhaithe le leas na ndaoine lena mbaineann agus leas na ndaoine eile a iarrann ar chosaint.

[…]

(g) ciallaíonn “cead cónaithe” aon chead nó údarú arna eisiúint ag údaráis Bhallstáit agus a thagann chun cinn i gcomhréir lena reachtaíocht, lena gceadaítear do náisiúnach tríú tír nó do dhuine gan stát cónaí ina chríoch;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 De réir Airteagal 3(1), den Treoir chéanna:

‘Tá cosaint shealadach gan dochar d’aitheantas do stádas dídeanaí faoin gCoinbhinsiún [maidir le Stádas Dídeanaithe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*,, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)), arna fhorlíonadh leis an bPrótacal maidir le Stádas Dídeanaithe a tugadh i gcrích i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967).’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 4 de Threoir 2001/55:

‘1. Gan dochar d’Airteagal 6, bliain amháin a bheidh i ré na cosanta sealadaí. Mura bhfoirceanntar é ar bhonn Airteagal 6(1)(b), féadfar síneadh bliana ar a mhéad a chur leis go huathoibríoch ar feadh thréimhsí 6 mhí’.

2. Má tá forais fós ann le cosaint shealadach a choimeád ar bun, féadfaidh Comhairle [an Aontais Eorpaigh] a chinneadh trí thromlach cáilithe, ar thogra ón gCoimisiún [Eorpach], a scrúdóidh freisin aon iarraidh ó Bhallstát togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun an chosaint shealadach sin a fhadú ar feadh uastréimhse bliana.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 De réir Airteagal 5 den Treoir sin:

‘1. Deimhnítear insreabhadh ollmhór daoine easáitithe trí Chinneadh ón gComhairle arna ghlacadh trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a scrúdóidh freisin aon iarraidh ó Bhallstát togra a chur faoi bhráid na Comhairle.

[...]

3. Is é is éifeacht don Chinneadh ón gComhairle cosaint shealadach a chur chun feidhme sna Ballstáit uile i gcomhréir le forálacha na Treorach seo i leith na ndaoine easáitithe dá dtagraíonn sé. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa chinneadh:

(a) tuairisc ar na grúpaí sonracha daoine a bhfuil feidhm ag cosaint shealadach maidir leo;

(b) an dáta a thiocfaidh an chosaint shealadach i bhfeidhm;

[...]

4. Tá an Cinneadh ón gComhairle bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) scrúdú ar staid agus ar scála gluaiseachtaí daoine easáitithe;

(b) measúnú a dhéanamh an bhfuil cosaint shealadach oiriúnach, ag cur san áireamh infhaighteacht nó neamhdhóthanacht na cabhrach éigeandála agus beart ar an láthair;

(c) faisnéis ó na Ballstáit, ón gCoimisiún, ó [Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR)] agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 In Airteagal 6 den Treoir sin sonraítear an méid seo a leanas:

'1. Cuirfear deireadh leis an gcosaint shealadach:

(a) nuair a bheidh an uastréimhse bainte amach; nó

(b) tráth ar bith, trí chinneadh ón gComhairle arna ghlacadh trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a scrúdóidh freisin aon iarraidh ó Bhallstát togra a chur faoi bhráid na Comhairle.

2. Tá an Cinneadh ón gComhairle bunaithe ar an gcinneadh gur féidir le daoine a thairbhigh de chosaint shealadach filleadh go sábháilte agus go marthanach mar gheall ar an staid sa tír thionscnaimh, agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha mar aon le hoibleagáidí *non-refoulement* na mBallstát á n-urramú ag an am céanna. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 7 den Treoir sin:

'1. Féadfaidh na Ballstáit cosaint shealadach a dheonú faoin Treoir seo do chatagóirí breise de dhaoine easáitithe nach dtagraítear dóibh sa Chinneadh ón gComhairle dá bhforáiltear in Airteagal 5, i gcás ina n-easáitítear iad ar na cúiseanna céanna agus ón tír thionscnaimh chéanna nó ón réigiún tionscnaimh céanna. Cuirfidh siad an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas láithreach ina thaobh sin.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 24, 25 agus 26 maidir leis an bhféidearthacht dá dtagraítear i mír 1, cé is moite den tacaíocht struchtúrach dá bhforáiltear leis an gCiste Eorpach um Dhídeanaithe arna bhunú le Cinneadh 2000/596/CE [ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2000 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Dhídeanaithe (IO 2000 L 252, lch. 12)], faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chinneadh sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 I gCaibidil III de Threoir 2001/55, dar teideal 'Oibleagáidí na mBallstát i leith tairbhithe de chosaint shealadach', tá Airteagail 8 go 16 den Treoir sin. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Foráiltear le hAirteagal 8(1) den Treoir sin:

'Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh ceadanna cónaithe ag tairbhithe ar feadh thréimhse na cosanta sealadaí. Eiseofar doiciméid nó doiciméid tacaíochta choibhéiseacha eile chun na críche sin. Eiseofar doiciméid nó doiciméid tacaíochta choibhéiseacha eile chun na críche sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 I gCaibidil IV de Threoir 2001/55, dar teideal 'Rochtain ar an nós imeachta tearmainn i gcomhthéacs na cosanta sealadaí', tá Airteagail 17 go 19 den Treoir sin.

14 In Airteagal 17 den Treoir sin sonraítear an méid seo a leanas:

'1. Ba cheart an deis a bheith ag tairbhithe de chosaint shealadach iarratas a dhéanamh ar thearmann tráth ar bith.

2. Déanfar an scrúdú ar iarratais ar thearmann, nach mbeidh próiseáilte sula rachaidh tréimhse na cosanta sealadaí in éag, a chur i gcrích tar éis don tréimhse sin dul in éag.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 I gCaibidil V de Threoir 2001/55, dar teideal 'Filleadh agus bearta tar éis cosaint shealadach', tá Airteagail 20 go 23 den Treoir sin.

16 Foráiltear le hAirteagal 20 den Treoir sin:

'I gcás ina dtiocfaidh deireadh leis an gcosaint shealadach, beidh feidhm ag an ngnáthdhlí maidir le cosaint agus maidir le heachtrannaigh sna Ballstáit, gan dochar d'Airteagail 21, 22 agus 23.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

17 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 21 den Treoir sin:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá ionas gur féidir le daoine atá faoi chosaint shealadach nó a bhfuil deireadh tagtha lena gcosaint shealadach filleadh go deonach. Áiritheoidh siad go n-éascófar filleadh daoine a bhfuil cosaint shealadach acu leis na forálacha lena rialaítear filleadh deonach na ndaoine sin agus dínit an duine á hurramú ag an am céanna.

Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseoidh na daoine sin an cinneadh um fhilleadh agus láneolas acu ar na fíorais. D'fhéadfadh cuairteanna taiscéalaíocha a bheith i gceist leo.

2. Fad nach bhfuil deireadh leis an gcosaint shealadach, cuirfidh na Ballstáit, agus an staid sa tír thionscnaimh á cur san áireamh acu, fáilte roimh iarratais ar fhilleadh chuig an mBallstát óstach ó dhaoine a thairbhigh de chosaint shealadach agus a d'fheidhmigh a gceart chun filleadh deonach.

3. I gcás ina dtiocfaidh deireadh leis an gcosaint shealadach, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil III a leathnú go pearsanta chuig daoine atá cumhdaithe ag cosaint shealadach agus a thairbhíonn de chlár um fhilleadh deonach. Beidh feidhm ag an síneadh sin go dtí an dáta fillte.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

18 Foráiltear le hAirteagal 22 de Threoir 2001/55:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar filleadh éigeantach daoine a bhfuil deireadh tagtha lena gcosaint shealadach agus nach bhfuil i dteideal a ligthe isteach sna Stáit sin ar bhealach lena n-urramaítear dínit an duine.

2. I gcás filleadh éigeantach, scrúdóidh na Ballstáit dianfhorais dhaonnúla a d'fhéadfadh an filleadh a dhéanamh dodhéanta nó míréasúnta i gcásanna sonracha.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

19 Féach Airteagal 23 den Treoir sin:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá maidir le coinníollacha cónaithe daoine ar deonaíodh cosaint shealadach dóibh nach féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, de bharr a sláinte, go mbeidh siad ag taisteal ina leith, áit, mar shampla, go mbeadh éifeachtaí diúltacha tromchúiseacha acu dá gcuirfí isteach ar a gcóireáil. Ní dhéanfar iad a dhíbirt fad a leanfaidh an cor sin.

2. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do theaghlaigh a leanann a leanaí mionaoiseacha de bheith ar scoil i mBallstát tairbhe a bhaint as coinníollacha cónaithe lena gceadófar do na leanaí lena mbaineann an tréimhse scoile reatha a chríochnú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– *Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382*

20 Foráiltear aithrisí 7, 11 go 14 agus 21 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382:

'(7) Léiríonn na figiúirí sin gur dócha go mbeidh ar an Aontas déileáil le staid inarb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin nach féidir leo filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh mar gheall ar an bhfogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin. Ba dhóchúil go mbeadh an t-insreabhadh chomh mór sin go bhfuil baol soiléir ann nach mbeidh córais tearmainn na mBallstát in ann na daoine a bheidh tar éis teacht isteach a phróiseáil gan drochéifeachtaí a bheith ann dá n-oibriú éifeachtúil, do leasanna na daoine lena mbaineann nó do leasanna daoine eile a bhfuil cosaint á iarraidh acu.

[...]

(11) Ba cheart cosaint shealadach a thabhairt isteach freisin le haghaidh náisiúnaigh tríú tír nach ón Úcráin dóibh, a easáitíodh ón Úcráin an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin, agus a raibh stádas dídeanaí nó cosaint choibhéiseach acu roimh an 24 Feabhra 2022. Ba cheart cosaint shealadach a thabhairt isteach freisin le haghaidh náisiúnaigh tríú tír nach ón Úcráin dóibh, a easáitíodh ón Úcráin an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin, agus a raibh stádas dídeanaí nó cosaint choibhéiseach acu roimh an 24 Feabhra 2022. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach aontacht na dteaghlach a chaomhnú agus stádais éagsúla i measc baill éagsúla den teaghlach céanna a sheachaint. Dá bhrí sin, ní mór cosaint shealadach a thabhairt isteach do bhaill teaghlaigh na ndaoine sin, i gcás ina raibh a dteaghlaigh san Úcráin cheana, agus ina gcónaí san Úcráin, tráth na n-imeachtaí ba chúis leis an insreabhadh ollmhór daoine easáitithe.

(12) Is iomchuí freisin foráil a dhéanamh chun cosaint a thabhairt do dhaoine gan stát, agus do náisiúnaigh tríú tíortha nach ón Úcráin dóibh, a bhfuil cruthúnas acu go raibh cónaí dlíthiúil orthu san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022 ar bhonn cead buanchónaithe bailí a eisíodh i gcomhréir le dlí na hÚcráine, agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha. Ba cheart an chosaint sin a thabhairt tríd an gCinneadh seo a fheidhmiú ina leith nó trí chosaint leordhóthanach eile faoin dlí náisiúnta, a bheidh le cinneadh ag gach Ballstát. Ba cheart dóibh siúd ar mian leo tairbhe a bhaint as an gcosaint a bheith in ann a chruthú go bhfuil na critéir incháilitheachta á gcomhlíonadh acu trí na doiciméid ábhartha a thíolacadh do na húdaráis inniúla sa Bhallstát lena mbaineann. Mura bhfuil siad in ann na doiciméid ábhartha a thíolacadh, ba cheart do na Ballstáit iad a atreorú chuig an nós imeachta iomchuí.

(13) I gcomhréir le Treoir [2001/55], féadfaidh na Ballstáit cosaint shealadach a leathnú chuig gach duine gan stát eile nó chuig gach náisiúnach tríú tír eile seachas an Úcráin a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil san Úcráin agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh faoi dhálaí sábháilte marthanacha. D'fhéadfadh a bheith san áireamh leis na daoine sin náisiúnaigh tríú tír a bhí ag déanamh staidéir nó a bhí ag obair san Úcráin ar bhonn gearrthéarmach tráth na n-imeachtaí ba chúis leis an insreabhadh ollmhór daoine easáitithe. I gcás ar bith, ba cheart na daoine sin a ligean isteach san Aontas ar fhorais dhaonnúla gan ceanglas a bheith orthu, go háirithe, víosa bailí a bheith ina seilbh acu nó cóir mhaireachtála leordhóthanach nó doiciméid taistil bhailí a bheith acu, d'fhonn gluaiseacht shábháilte a áirithiú dóibh chun go bhfillfidh siad ar a dtír nó a réigiún tionscnaimh.

(14) Féadfaidh na Ballstáit cosaint shealadach a leathnú chuig catagóirí breise de dhaoine easáitithe seachas iad sin a bhfuil feidhm ag an gCinneadh seo maidir leo, i gcás ina n-easáitítear na daoine sin ar na cúiseanna céanna agus ón tír chéanna nó ón réigiún tionscnaimh céanna dá dtagraítear sa Chinneadh seo. Sa chás sin, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Chomhairle agus don Choimisiún láithreach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a mholadh do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí an chosaint shealadach a leathnú chuig na daoine sin a theith ón Úcráin tráth nach fada roimh an 24 Feabhra 2022 agus an teannas ag dul i méid nó a bhí i gcríoch an Aontais (e.g. ar laethanta saoire nó ar chúiseanna oibre) díreach roimh an dáta sin agus nach féidir leo, mar thoradh ar an gcoinbhleacht armtha, filleadh ar an Úcráin.

[...]

(21) I gcomhréir le Treoir [2001/55], maidir le fad na cosanta sealadaí, ba cheart tréimhse tosaigh aon bhliana amháin a bheith i gceist léi. Mura bhfoirceanntar é ar bhonn Airteagal 6(1)(b), féadfar síneadh bliana ar a mhéad a chur leis go huathoibríoch ar feadh tréimhsí 6 mhí'. Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar an staid. Féadfaidh sé a mholadh don Chomhairle, tráth ar bith, deireadh a chur leis an gcosaint shealadach, más rud é gurb amhlaidh atá an staid san Úcráin go bhféadfar na daoine a dtugtar cosaint shealadach dóibh a chur ar ais go sábháilte marthanach, nó féadfaidh sé a mholadh go gcuirfeadh an Chomhairle síneadh bliana amháin ar a mhéad leis an gcosaint shealadach.'

21 Foráiltear le hAirteagal 1 den Treoir sin:

'Suitear leis seo gurb ann d'insreabhadh ollmhór isteach san Aontas de dhaoine easáitithe a raibh orthu an Úcráin a fhágáil mar thoradh ar choinbhleacht armtha. '

22 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 2(1) go (3) den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin:

'1. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis na catagóirí daoine seo a leanas, ar daoine iad a easáitíodh ón Úcráin an 24 Feabhra 2022 nó dá éis sin, mar thoradh ar an ionradh míleata a rinne fhórsaí armtha na Rúise a thosaigh ar an dáta sin:

(a) náisiúnaigh de chuid na hÚcráine a bhí ina gcónaí san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022;

(b) daoine gan stát, agus náisiúnaigh tríú tíortha seachas an Úcráin, a thairbhigh de chosaint idirnáisiúnta nó de chosaint náisiúnta choibhéiseach san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022; agus,

(c) baill teaghlaigh na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b).

2. Cuirfidh na Ballstáit an Cinneadh seo i bhfeidhm nó cuirfidh siad cosaint leordhóthanach i bhfeidhm faoina ndlí náisiúnta, i ndáil le daoine gan stát, agus náisiúnaigh tríú tíortha seachas an Úcráin, ar féidir leo a chruthú go raibh cónaí orthu go dleathach san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022 ar bhonn cead buanchónaithe bailí arna eisiúint i gcomhréir le dlí na hÚcráine, agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha.

3. I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir [2001/55], féadfaidh na Ballstáit an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm freisin maidir le daoine eile, lena n-áirítear daoine gan stát agus náisiúnaigh tríú tíortha seachas an Úcráin, a bhí ina gcónaí go dleathach san Úcráin agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh, i ndálaí sábháilte marthanacha.'

23 I gcomhréir le hAirteagal 4 de, tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 4 Márta 2022.

– *Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2409*

24 Foráiltear le haithrisí 3 agus 7 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409:

‘(3) I gcomhréir le Treoir [2001/55], bhí feidhm ag an gcosaint shealadach den chéad uair ar feadh tréimhse tosaigh bliana, go dtí an 4 Márta 2023, agus ansin cuireadh síneadh bliana breise léi go huathoibríoch go dtí an 4 Márta 2024.

[…]

(7) Ní dócha go dtiocfaidh laghdú ar líon ard na ndaoine easáitithe san Aontas a thairbhíonn de chosaint shealadach fad a leanfaidh an cogadh in aghaidh na hÚcráine ar aghaidh. Dá bhrí sin, is gá síneadh a chur leis an gcosaint shealadach chun aghaidh a thabhairt ar chás na ndaoine sin a thairbhíonn de chosaint shealadach san Aontas faoi láthair nó a mbeidh cosaint den sórt sin de dhíth orthu amhail ón 4 Márta 2024, toisc go bhforáiltear léi do chosaint láithreach agus do rochtain láithreach ar thacar comhchuibhithe ceart agus, ag an am céanna, go gcoimeádtar léi foirmiúlachtaí a mhéid is féidir i gcás insreabhadh ollmhór san Aontas. Le síneadh a chur leis an gcosaint shealadach, cuideofar freisin lena áirithiú nach gclisfear ar chórais tearmainn na mBallstát mar gheall ar mhéadú suntasach ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a d’fhéadfadh daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach go dtí an 4 Márta 2024 a chur isteach, dá dtiocfadh deireadh le cosaint shealadach faoin am sin nó a d’fhéadfadh daoine ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin a thiocfadh isteach san Aontas tar éis an dáta sin agus roimh an 4 Márta 2025 a chur isteach.’

25 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 1 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin:

‘An chosaint shealadach a thugtar do dhaoine a easáitíodh ón Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme [2022/ 382], cuirtear síneadh bliana amháin léi go dtí an 4 Márta 2025.’

– *Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1836*

26 Foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1836 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh leis an gcosaint shealadach mar a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 (IO L, 2024/1836):

‘An chosaint shealadach a thugtar do dhaoine a easáitíodh ón Úcráin dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme [2022/382], cuirtear síneadh bliana eile léi, go dtí an 4 Márta 2026.’

Forálacha ábhartha eile

– *Treoir 2008/115*

27 Foráiltear le hAirteagal 2(1) de Threoir 2008/115 mar seo a leanas:

‘Baineann an Treoir seo le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch Bhallstáit.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

28 De réir Airteagal 4(2) den Treoir sin:

‘Beidh an Treoir seo gan dochar d’aon fhoráil a d’fhéadfadh a bheith níos fabhraí don náisiúnach tríú tír, a leagtar síos in acquis an Chomhphobail maidir le hinimirce agus tearmann.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

29 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 5 den Treoir sin:

‘Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a chur san áireamh:

(a) leas an linbh;

(b) an saol teaghlaigh;

(c) sláinte an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann,

agus prionsabal an *non-refoulement* a urramú.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

30 Foráiltear le hAirteagal 6 den Treoir sin:

‘1. Eiseoidh na Ballstáit cinneadh um fhilleadh d’aon náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch, gan dochar do na heisceachtaí dá dtagraítear i míreanna 2 go 5.

[...]

6. Leis an Treoir seo, ní chuirfear cosc ar na Ballstáit cinneadh a ghlacadh maidir le deireadh a chur le fanacht dleathach in éineacht le cinneadh um fhilleadh agus/nó cinneadh maidir le haistriú agus/nó toirmeasc ar theacht isteach i gcinneadh nó i ngníomh aonair riaracháin nó breithiúnach dá bhforáiltear ina reachtaíocht náisiúnta, gan dochar do na coimircí nós imeachta atá ar fáil faoi Chaibidil III agus faoi fhorálacha ábhartha eile de dhlí an Chomhphobail agus den dlí náisiúnta.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– *Treoir 2013/32/AE*

31 Foráiltear le hAirteagal 2 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60):

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

q) ciallaíonn “iarratas iardain” iarratas eile ar chosaint idirnáisiúnta a dhéantar tar éis cinneadh críochnaitheach a bheith déanta i dtaobh iarratas roimhe sin, lena n-áirítear an cás inar tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas uaidh siar go sainráite nó cásanna inar dhiúltaigh an t-údarás cinntitheach d’iarratas tar éis é a bheith tarraingthe siar go hintuigthe, i gcomhréir le hAirteagal 28(1).’ [Aistriúchán neamhoifigiúil]

32 Foráiltear le hAirteagal 33(2) den Treoir sin:

‘Ní fhéadfaidh na Ballstáit a mheas go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta doghlactha ach amháin i gcás inar:

[...]

(d) is iarratas a dhéantar ina dhiaidh sin é an t-iarratas lena mbaineann, nach bhfuil eilimintí ná tátail nua ar bith ann i ndáil leis an scrúdú ar cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn an t-iarratasóir mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta de bhun Threoir 2011/95/AE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh na cosanta coimhdí, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9)]; nó

[...]’

– *Rialachán (AE) 2016/399*

33 Le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO 2016 L 77, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 (IO 2018 L 236, lch. 1), leagtar síos na coinníollacha maidir le teacht isteach náisiúnach tríú tír i gcríoch an Aontais le haghaidh tréimhse fanachta atá beartaithe nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá. Áirítear ar na hoibleagáidí sin an ceanglas ar náisiúnaigh tríú tíortha áirithe víosa bhailí a bheith ina seilbh acu.

– *Rialachán (AE) 2018/1860*

34 Foráiltear le hAirteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Chóras Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO 2018, L 312, lch. 1):

‘Iontrálfaidh Ballstáit foláirimh i [gCóras Faisnéise Schengen (SIS)] maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh chun comhlíonadh na hoibleagáide um fhilleadh a fhíorú agus chun tacú le forghníomhú na gcinntí um fhilleadh. Iontrálfar foláireamh maidir le filleadh in SIS gan mhoill nuair a eiseofar an cinneadh um fhilleadh.’

Dlí na hÍsiltíre

Dlí um eachtrannaigh, 2000

35 Foráiltear le hAirteagal 8 den Wet tot algehele herziening van de Vreemdelingenwet (Vreemdelingenwet 2000) [Dlí maidir le hathbhreithniú ginearálta ar an Dlí um eachtrannaigh (Dlí um eachtrannaigh, 2000)], an 23 Samhain 2000 (Stb. 2000, Uimh. 495) sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí ('an Dlí um eachtrannaigh, 2000'):

'Ní fhéadfaidh náisiúnach eachtrach cónaí go dleathach san Ísiltír ach amháin:

[...]

(f) más rud é, go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le hiarratas ar chead cónaithe, dá dtagraítear i míreanna 14 agus 28, go bhforáiltear leis an Dlí seo, le foráil arna glacadh dá bhun nó le cinneadh cúirte, nach ndéanfar an t-iarratasóir a dhíbirt go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an iarratas;

[...]

(h) go dtí go ndéanfar cinneadh ar ghearán nó ar achomharc, i gcás inar cuí, i gcomhréir leis an Dlí seo nó le foráil arna glacadh dá bhun nó le cinneadh cúirte, gan an t-iarratasóir a dhíbirt go dtí go ndéanfar cinneadh ar an ngearán nó ar an achomharc;

[...]'

Ordú um eachtrannaigh, 2000

36 Foráiltear le hAirteagal 3.1a(1) de Besluit tot uitvoering van de Vreemdelingenwet 2000 (Vreemdelingenbesluit 2000) (Ordú Forghníomhaithe an Dlí um eachtrannaigh, 2000, (Ordú um eachtrannaigh, 2000)) an 23 Samhain 2000 (Stb. 2000, Uimh. 497), sa leagan is infheidhme maidir leis na díospóidí sna príomhimeachtaí ('Ordú um eachtrannaigh, 2000'):

'1. Ciallaíonn taisceadh iarratais ar chead cónaithe sealadach ar bhonn tearmainn nach ndéantar aistriú fad is atá cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Threoir [2001/55] i bhfeidhm, más rud é:

(a) go mbaineann sé leis an ngrúpa sonrach eachtrannach a shainmhínítear i gCinneadh [...] ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Threoir [2001/55];

[...]

(e) baineann sé leis an ngrúpa, atá le hainmniú trí rialáil aireachta, d'eachtrannaigh ón tír chéanna nó ón réigiún céanna leis an náisiúnach eachtrach dá dtagraítear in (a), a easáitítear ar an gcúis chéanna agus nach bhfuil cosaint acu cheana féin i dtír eile atá ina páirtí i gConradh [FAE] nó sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch [, an 2 Bealtaine 1992 (IO 1994 L 1, lch. 3)].'

Rialacháin na nEachtrannach 2000 agus Rialacháin 2022 agus 2023

37 Foráiltear le hAirteagal 3.9a de Voorschrift Vreemdelingen 2000 (Rialachán na nEachtrannach 2000) na grúpaí eachtrannaigh dá dtagraítear in Airteagal 3.1a(1)(e) d'Ordú um eachtrannaigh, 2000.

38 Cuireadh an t-alt seo 3.9a isteach i Rialachán na nEachtrannach 2000 le héifeacht aisghníomhach le hAirteagal 1 de Regeling van de Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid nummer 4123685, houdende wijziging van het Voorschrift Vreemdelingen 2000, in verband met het aanpassen van de doelgroep ontheemden uit Oekraïne, waaraan tijdelijke bescherming wordt verleend (Rialachán an Státrúnaí Dlí agus Cirt agus Slándála lena leasaítear Rialachán na nEachtrannach 2000 a mhéid a bhaineann leis an spriocghrúpa daoine a easáitíodh ón Úcráin dá ndeonaítear cosaint shealadach), an 17 Lúnasa 2022 (Stcrt. 2022, Uimh 22623, 'Rialachán 2022'), a dhéanann foráil do dhá leagan den Airteagal 3.9a, an chéad cheann atá i bhfeidhm don tréimhse 4 Márta 2022 go 18 Iúil 2022, an dara ceann atá i bhfeidhm ón 19 Iúil 2022.

39 Sa leagan a bhí i bhfeidhm idir an 4 Márta 2022 agus an 18 Iúil 2022, foráiltear le hAirteagal 3.9a(1)(c) de Rialachán na nEachtrannach 2000:

'Ainmneofar náisiúnaigh eachtracha mar eachtrannaigh de réir bhrí Airteagal 3.1a (1), abairt tosaigh agus (e) d'[Ordú na nEachtrannach 2000]:

[...]

c. sealbhóirí ceada buanchónaithe bhailí de chuid na hÚcráine an 23 Feabhra 2022 agus ar dócha dóibh gur fhág siad an Úcráin tar éis an 26 Samhain 2021.'

40 Sa leagan atá i bhfeidhm ón 19 Iúil 2022, léitear Airteagal 3.9a(1) de Rialachán na nEachtrannach 2000 mar a leanas:

'Ainmneofar náisiúnaigh eachtracha mar eachtrannaigh de réir bhrí Airteagal 3.1a (1), abairt tosaigh agus (e) d'Ordú [na nEachtrannach 2000]:

c. sealbhóirí ceada buanchónaithe bhailí de chuid na hÚcráine an 23 Feabhra 2022 agus ar fíor an méid seo a leanas ina leith:
   1°. is dócha gur fhág siad an Úcráin tar éis an 26 Samhain 2021; agus
   2°. níor léiríodh gur fhill siad ar a dtír thionscnaimh tar éis an 23 Feabhra 2022.'

41 Déantar foráil in Airteagal 2 de Rialachán 2022 maidir le córas idirthréimhseach, ina luaitear an méid seo a leanas:

'Leanfaidh Airteagal 3.9a (1)(c) [de Rialachán na nEachtrannach 2000], sa leagan a bheidh i bhfeidhm go dtí an 19 Iúil 2022, d'fheidhm a bheith aige go dtí an 4 Márta 2023 maidir le náisiúnaigh eachtracha:

a. gan cead buanchónaithe bailí de chuid na hÚcráine a bheith ina seilbh acu an 23 Feabhra 2022; agus

b. a cláraíodh iad [sa chlár daonra,] roimh an 19 Iúil 2022.'

42 Cuireadh síneadh leis an gcóras idirthréimhseach sin le hAirteagal 2 den Regeling van de Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid, nummer 4507236, in verband met de verlenging van de duur van tijdelijke bescherming aan een groep ontheemden uit Oekraïne (Rialachán Uimh. 4507236 ón Státrúnaí Dlí agus Cirt agus Slándála lena gcuirtear síneadh le tréimhse na cosanta sealadaí do ghrúpa daoine easáitithe ón Úcráin), an 1 Márta 2023 (Stcrt. 2023, Uimh. 7194 ('Rialacháin 2023'), lena bhforáiltear:

'Leanfaidh Airteagal 3.9a (1)(c) de Rialachán na nEachtrannach 2000, sa leagan a bheidh i bhfeidhm go dtí an 19 Iúil 2022, d'fheidhm a bheith aige go dtí an 4 Meán Fómhair 2023 maidir le náisiúnaigh eachtracha:

a) gan cead buanchónaithe bailí de chuid na hÚcráine a bheith ina seilbh acu an 23 Feabhra 2022; agus

b) a cláraíodh iad [sa chlár daonra] roimh an 19 Iúil 2022.'

Na príomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

Cás C-244/24

43 Is náisiúnach den Nigéir é P, a raibh ceart cónaithe sealadach aige san Úcráin go dtí an 31 Eanáir 2023. Tar éis d'fhórsaí armtha na Rúise ionradh a dhéanamh ar chríoch na hÚcráine, theith sé go dtí an Ísiltír agus iontráladh é, an 1 Meitheamh 2022, i gclár daonra an Bhallstáit sin. Ar an dáta sin, dheonaigh údaráis na hÍsiltíre cosaint shealadach, de réir bhrí Threoir 2001/55, *inter alia*, do náisiúnaigh tríú tír i gcás amhail cás P, gan measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá acu filleadh ar a dtír thionscnaimh. Dá bhrí sin, thug an Státrúnaí cosaint den sórt sin do P.

44 An 9 Lúnasa 2022, thaisc P iarratas ar thearmann. Le cinneadh an 24 Lúnasa 2023, chinn an Státrúnaí an scrúdú ar a iarratas a thréigean. Níor taisceadh aon achomharc i gcoinne an chinnidh sin.

45 An 24 Lúnasa 2023, d'fhoirceann an Státrúnaí cosaint shealadach P le héifeacht ón 4 Meán Fómhair 2023. Tarraingíodh siar an cinneadh sin ina dhiaidh sin ar an bhforas gur chinn Raad van State (an Chomhairle Stáit, an Ísiltír), le breithiúnas an 17 Eanáir 2024, nach bhféadfadh údaráis na hÍsiltíre deireadh a chur, ón 4 Meán Fómhair 2023 ar aghaidh, le cosaint shealadach náisiúnach tríú tír i gcás amhail cás P agus go dtiocfadh deireadh go huathoibríoch leis an gcosaint shealadach a deonaíodh do na náisiúnaigh sin an 4 Márta 2024, agus chuir an Státrúnaí P ar an eolas faoi sin i litir dar dáta an 24 Eanáir 2024.

46 An 7 Feabhra 2024, ghlac an Státrúnaí cinneadh um fhilleadh i leith P, ar an bhforas go dtiocfadh deireadh go huathoibríoch lena fhanacht dleathach ar chríoch Ríocht na hÍsiltíre an 4 Márta 2024. Leis an gcinneadh sin, ordaíodh do P críoch an Aontais Eorpaigh a fhágáil laistigh de 4 seachtaine ón dáta sin.

47 Thug P caingean os comhair rechtbank Den Haag, zittingsplaats Amsterdam (Cúirt Dúiche na Háige, ina suí in Amstardam, an Ísiltír), arb í an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-244/24, ag agóid in aghaidh dhlíthiúlacht an chinnidh sin. Mar thaca lena chaingean, mhaígh sé, *inter alia*, nach raibh an ghníomhaíocht sin róluath amháin ach neamhdhleathach freisin, ós rud é gur ghá

cosaint shealadach a dheonú dó, faoi dhlí an Aontais, go dtí an 4 Márta 2025, de bhua síneadh a bheith curtha leis an gcosaint shealadach dá bhforáiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409. Thairis sin, níor éisteadh leis, sular glacadh an cinneadh um fhilleadh, go háirithe maidir lena chomhoiriúnacht le hAirteagail 3 agus 8 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950.

48 Mar réamhphointe, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, ar an gcéad dul síos, faoi reachtaíocht na hÍsiltíre lena dtrasuitear Treoir 2001/55, nach mór don duine easáitithe iarratas ar thearmann a thaisceadh chun ceart cónaithe a fháil san Ísiltír, faoi Airteagal 8(f) nó (h) de Dhlí um eachtrannaigh, 2000. Cuireann sí in iúl freisin go dtrasuitear Airteagal 7 de Threoir 2001/55 le hAirteagal 3.1a(1) d'Ordú na nEachtrannach 2000, faoina bhféadfaidh na Ballstáit cosaint shealadach a leathnú chuig daoine eile ('cosaint shealadach roghnach').

49 Ar an dara dul síos, tugann an chúirt sin faoi deara, trí litir a seoladh chuig Uachtarán an Tweede Kamer der Staten-Generaal (Dara Dlísheomra na Parlaiminte, an Ísiltír) an 30 Márta 2022, dúirt an Státrúnaí go raibh sé beartaithe aige Airteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 a chur i bhfeidhm trí chosaint shealadach a leathnú chuig daoine gan stát agus chuig náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe sealadach bailí acu san Úcráin an 23 Feabhra 2022, gan a cheangal a shuíomh nach féidir leis na daoine sin filleadh ar a dtír nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha. Mar sin féin, i litir dar dáta an 18 Iúil 2022, chuir an Státrúnaí in iúl go raibh sé ar intinn aige deireadh a chur leis an gcosaint shealadach roghnach sin le héifeacht ón 19 Iúil 2022, agus foráil á déanamh ag an am céanna do shocruithe idirthréimhseacha dóibh siúd a bhain tairbhe aisti roimhe sin. Dar leis an Státrúnaí, bhí údar leis an scriosadh sin toisc go bhféadfadh mí-úsáidí agus gluaiseachtaí tánaisteacha chuig an Ísiltír a bheith ann.

50 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur chuir an Státrúnaí, an 17 Lúnasa 2022, le Rialacháin 2022, Airteagal 3.9a isteach i Rialachán na nEachtrannach 2000, lena bhforáiltear, ar an gcéad dul síos, nach ndeonófaí cosaint shealadach roghnach a thuilleadh ón 19 Iúil 2022 agus, ar an dara dul síos, go gcuirfeadh daoine ar deonaíodh cosaint shealadach roghnach den sórt sin dóibh cheana faoin dáta sin deireadh leis an gcosaint sin an 4 Márta 2023.

51 Le Rialachán 2023, cuireadh síneadh leis an gcóras idirthréimhseach sin go dtí an 4 Meán Fómhair 2023. Bhí údar leis an síneadh sin toisc go rabhthas ag súil leis go gcuirfeadh sciar suntasach de na daoine sin tús le nós imeachta tearmainn, agus go mbeadh baol ann go mbeadh ganntanas áiteanna glactha ann.

52 Ina breithiúnas an 17 Eanáir 2024, mheas an Raad van State (an Chomhairle Stáit), áfach, go leanann sé go háirithe as Airteagail 4 agus 7 de Threoir 2001/55 go leanfaí de na socruithe idirthréimhseacha do dhaoine a bhfuil cosaint shealadach roghnach acu cheana féin go dtí an 4 Márta 2024. De réir na cúirte sin, a luaithe a dheonaíonn Ballstát cosaint shealadach roghnach den sórt sin, ní fhéadfaidh sé an chosaint sin a tharraingt siar le linn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Threoir 2001/55, ach amháin i gcás ina gcinneann an Chomhairle, le linn na tréimhse sin, deireadh luath a chur leis an gcosaint shealadach, de bhun Airteagal 6 den Treoir sin. Os a choinne sin, ní dhéanfaí difear do thairbhithe na cosanta sealadaí roghnaí arna deonú ag an mBallstát sin le síneadh ar an gcosaint shealadach, arna chinneadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 4(2) den Treoir sin, ach amháin dá ndeonódh an Ballstát sin fós, ar dháta glactha an chinnidh sin, cosaint shealadach roghnach den sórt sin don ghrúpa tairbhithe sin. Sa chás seo, chinn an Státrúnaí, an 19 Iúil 2022, is é sin le rá, ar dháta sular ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409, gan cosaint shealadach a dheonú a thuilleadh do dhaoine gan stát agus do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe sealadach acu san Úcráin.

53 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an argóint go bhfuil an cinneadh um fhilleadh atá i gceist sna príomhimeachtaí róluath, measann an chúirt a rinne an tarchur gur cosúil go leanann sé ó Airteagal 2(1) agus ó Airteagal 6(1) agus (6) de Threoir 2008/115, fad nach bhfuil náisiúnach tríú tír ag fanacht go neamhdhleathach, nach bhféadfar aon chinneadh um fhilleadh a bhaineann leis a ghlacadh.

54 Tugann an chúirt sin dá haire, áfach, i mbreithiúnas uaithi an 17 Eanáir 2024, gur mheas Raad van State (an Chomhairle Stáit) gur faoin Státrúnaí a bhí sé a chinneadh cén fhoirm ina gcuirfeadh sé tairbhithe ar an eolas faoi chosaint shealadach roghnach maidir le deireadh a gcirt cónaithe an 4 Márta 2024. Chun a gcosaint bhreithiúnach a áirithiú, fuair na daoine sin litir inar cuireadh in iúl dóibh na céimeanna ina dhiaidh sin den nós imeachta. Ar deireadh, cinneadh na cinntí uile um fhilleadh a bhaineann leo a ghlacadh an 7 agus an 23 Feabhra 2024, ionas go mbeifear in ann iad a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoi na hiarmhairtí a bhaineann le deireadh a chur lena bhfanacht dlíthiúil. De réir na cúirte a rinne an tarchur, d'fhág an cur chuige sin freisin go raibh sé níos éasca d'údaráis na hÍsiltíre na daoine sin a dhíbirt a luaithe is féidir. Ina theannta sin, is léir ón gcinneadh féin um fhilleadh nach bhfuil éifeacht aige roimh dheireadh an fhanachta dhlíthiúil, ós rud é go luaitear go soiléir sa chinneadh sin nach mbeidh fanacht P san Ísiltír neamhdhleathach go dtí an 5 Márta 2024 agus nach dtosóidh an tréimhse um fhilleadh deonach ag rith ina leith go dtí an dáta sin. Sonraíonn an chúirt sin, áfach, go dtosaíonn an teorainn ama chun caingean a thionscnamh i gcoinne an chinnidh sin ón dáta a ghlacfar é.

55 Dá bhrí sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfadh an Státrúnaí cinneadh um fhilleadh a eisiúint don iarratasóir atá i gceist sna príomhimeachtaí amhail ón 7 Feabhra 2024, cé go raibh cónaí dlíthiúil air fós ar chríoch Ríocht na hÍsiltíre ar an dáta sin.

56 Ar an dara dul síos, maidir leis an argóint go bhfuil an cinneadh um fhilleadh atá i gceist sna príomhimeachtaí neamhdhleathach, tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur ar tháinig deireadh go huathoibríoch leis an gcosaint shealadach a deonaíodh don iarratasóir atá i gceist sna príomhimeachtaí, faoi Airteagal 7 de Threoir 2001/55, an 4 Márta 2024, mar is léir ó bhreithiúnas an Raad van State (an Chomhairle Stáit) an 17 Eanáir 2024.

57 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, ar an gcéad dul síos, i gcás ina roinntear inniúlacht idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit i réimse an tearmainn agus na hinimirce, nach bhféadfaidh na Ballstáit a n-inniúlacht a fheidhmiú a thuilleadh tar éis don Aontas Eorpach a inniúlacht a fheidhmiú.

58 D'fheidhmigh Ríocht na hÍsiltíre an rogha a deonaíodh di in Airteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 trí chosaint shealadach roghnach a dheonú do dhaoine áirithe, tagann na daoine sin go hiomlán faoi raon feidhme Threoir 2001/55, de bhun Airteagal 7 di. Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, ní mór don chosaint shealadach roghnach a dheonaíonn Ballstát ar an gcaoi sin, go háirithe, Airteagail 4 agus 6 den Treoir sin a chomhlíonadh, lena rialaítear, ar bhealach ceangailteach agus uileghabhálach, fad agus féidearthachtaí scor na cosanta sealadaí.

59 Dá bhrí sin, ní fhéadfadh deireadh teacht le cosaint shealadach roghnach ach amháin nuair a shroichtear uasfhad na cosanta sealadaí nó i gcás ina gcinneann an Chomhairle an chosaint sin a fhoirceannadh roimh ré. D'fheidhmigh reachtóir an Aontais, do thairbhithe uile Threoir 2001/55, a inniúlacht maidir le fad na cosanta sealadaí agus maidir leis an gcóras chun deireadh a chur leis an gcosaint shealadach.

60 Ar an dara dul síos, measann an chúirt a rinne an tarchur nach ndéantar idirdhealú i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409 idir na grúpaí éagsúla tairbhithe de chosaint shealadach. Tugann sí dá haire, ina theannta sin, go sonraítear sa togra as ar eascair an cinneadh cur chun feidhme sin nach mór a áirithiú le Treoir 2001/55 go gcuirfear na caighdeáin chéanna agus tacar comhchuibhithe ceart i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le daoine a óstáiltear ann ar an dáta a cuireadh síneadh leis an gcosaint shealadach, rud a dheimhnítear freisin le haithris 7 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin.

61 Ar an tríú dul síos, de réir na cúirte a rinne an tarchur, ní thacaíonn an fíoras go gcinneann an Chomhairle síneadh den sórt sin, de bhun Airteagal 4(2) de Threoir 2001/55, leis an gconclúid gur cheart do na Ballstáit, ar an ócáid sin, measúnú a dhéanamh, arís eile, ar chatagóirí thairbhithe na cosanta sin, ós rud é nár athraíodh staid na dtairbhithe de chosaint shealadach roghnach níos mó ná staid na ndaoine a chumhdaítear go díreach leis an Treoir sin.

62 Dá bhrí sin, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil forais leordhóthanacha ann chun glacadh leis go dtagann daoine a thagann, de bhun Airteagal 7 de Threoir 2001/55, faoi raon feidhme na Treorach sin faoi raon feidhme Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409 freisin, agus mar thoradh air sin go bhfuil siad i dteideal cosaint shealadach, faoin Treoir sin, go dtí an 4 Márta 2025.

63 Sna himthosca sin, chinn Rechtbank Den Haag, zittingsplaats Amsterdam (Cúirt Dúiche na Háige, ina suí in Amstardam) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An bhfuil Airteagal 6 den Treoir um Fhilleadh [2008/115] le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar chinneadh um fhilleadh a eisiúint i gcás ina bhfuil náisiúnach tríú tír fós ina chónaí go dleathach ar chríoch an Bhallstáit?

2) An ndéanann sé difear don fhreagra ar an gceist thuas má tá dáta sa chinneadh um fhilleadh ar a dtagann deireadh leis an gcónaí dleathach, ina mbeidh an dáta sin ann go luath, agus, thairis sin, i gcás nach mbeidh éifeacht ag iarmhairtí dlíthiúla an chinnidh um fhilleadh go dtí dáta níos déanaí?

3) An bhfuil Airteagal 1 [de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409] le léiriú sa chaoi go gcuimsíonn síneadh ar [an gcosaint shealadach dá bhforáiltear ann] grúpa náisiúnaigh tríú tír a thug Ballstát isteach faoi raon feidhme na Treorach um Chosaint Shealadach [2001/55] freisin tríd an bhforáil roghnach d’Airteagal 2(3) den Chinneadh Cur Chun Feidhme [2022/382] cé gur roghnaigh an Ballstát tráth níos déanaí gan cosaint shealadach a dheonú don ghrúpa de náisiúnaigh tríú tír a thuilleadh?’

Cás C-290/24

64 Is náisiúnaigh tríú tír iad AI, ZY agus BG a raibh cead cónaithe sealadach bailí acu san Úcráin an 24 Feabhra 2022. I ndiaidh dóibh imeacht ón Úcráin tar éis d’fhórsaí armtha na Rúise ionradh a dhéanamh ar chríoch na hÚcráine, cláraíodh na hiarratasóirí sa chlár daonra agus rinne siad iarratas ar thearmann le linn na tréimhse inar dheonaigh údaráis na hÍsiltíre cosaint shealadach do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe sealadach acu san Úcráin, gan measúnú a dhéanamh

an raibh siad in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha. Dá bhrí sin, dheonaigh an Státrúnaí cosaint shealadach do na náisiúnaigh sin faoi Threoir 2001/55.

65 Le trí chinneadh an 7 Feabhra 2024, d'ordaigh an Státrúnaí do AI, ZY agus BG críoch an Aontais Eorpaigh a fhágáil laistigh de 4 seachtaine ón 4 Márta 2024.

66 Le breithiúnais an 19 Márta 2024 agus an 27 Márta 2024, seasadh leis na hachomhairc a rinne AI agus BG in aghaidh na gcinntí a bhaineann leo agus cuireadh na cinntí sin ar neamhní. Rinne an Státrúnaí achomharc i gcoinne na mbreithiúnas sin chuig an Raad van State (an Chomhairle Stáit) arb í an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-290/24.

67 Le breithiúnas an 27 Márta 2024, diúltaíodh don achomharc a rinne ZY in aghaidh an chinnidh a bhaineann leis toisc é a bheith gan bhunús. Rinne ZY achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin chuig an gcúirt a rinne an tarchur.

68 Measann an chúirt a rinne an tarchur nach mór cinntí an Státrúnaí an 7 Feabhra 2024, dá dtagraítear i mír 65 den bhreithiúnas seo, a mheas mar chinntí um fhilleadh de réir bhrí Threoir 2008/115.

69 Cuireann sí in iúl, thairis sin, go mbaineann toradh na ndíospóidí atá os a comhair leis an dáta a dtiocfaidh deireadh leis an gcosaint shealadach roghnach arna deonú ag údaráis na hÍsiltíre a chinneadh.

70 I ndáil leis sin, cuireann an chúirt sin in iúl, ar an gcéad dul síos, go bhforáiltear le reachtaíocht na hÍsiltíre lena dtrasuitear Treoir 2001/55 go ndeonófar cosaint shealadach ar bhonn Dhlí um eachtrannaigh 2000 agus ar an mbonn go dtaiscfidh an duine lena mbaineann iarratas ar thearmann, go gcuirfear an teorainn ama chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarratas sin ar fionraí fad a mhairfidh an chosaint shealadach.

71 Ar an dara dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire gur thug an Státrúnaí údar leis an gcinneadh deireadh a chur le cosaint shealadach roghnach mar gheall ar mhí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann, gluaiseachtaí tánaisteacha chun na hÍsiltíre a bheith ann agus toisc gur minic a d'fhéadfadh tairbhithe na cosanta sin filleadh ar a dtír thionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha.

72 Ar an tríú dul síos, meabhraíonn an chúirt sin gur mheas sí, ina breithiúnas an 17 Eanáir 2024, ar na cúiseanna a leagtar amach i mír 52 den bhreithiúnas seo, nach bhféadfadh an Státrúnaí an chosaint shealadach roghnach a tharraingt siar, ón 4 Meán Fómhair 2023, do dhaoine a aithníodh cheana féin, ach go dtiocfadh deireadh leis an gcosaint sin go huathoibríoch an 4 Márta 2024, an dáta a scoirfeadh an chosaint shealadach arna deonú ag an gComhairle in éagmais Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409.

73 Cuireann sí in iúl, i ndáil leis sin, go dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) de Threoir 2001/55 do chásanna éagsúla, ós rud é go bhforáiltear i mír 1 d'fhad tosaigh na cosanta sealadaí agus dá síneadh uathoibríoch, cé go dtagraítear i mír 2 do chás nua, ina ndéanann an Chomhairle athmheasúnú an bhfuil forais ann fós chun cosaint shealadach a choinneáil.

74 Ós rud é nach mór do Bhallstát a bheith in ann deireadh a chur le cur i bhfeidhm roghnach forála de dhlí an Aontais, measann an chúirt sin nach bhfuil feidhm ag síneadh na cosanta sealadaí, a eascraíonn as cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn an Airteagail 4(2) sin, amhail Cinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409, maidir le tairbhithe de chosaint shealadach roghnach ach amháin má bhain an Ballstát lena mbaineann úsáid fós, ar dháta glactha an chinnidh sin, as an rogha a thugtar dó le hAirteagal 7(1) de Threoir 2001/55 agus le hAirteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382. Mar sin féin, ní hamhlaidh a bhí i gcás Ríocht na hÍsiltíre.

75 Ar an gceathrú dul síos, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, d'ainneoin gur tugadh a breithiúnas an 17 Eanáir 2024, go bhfuil difríochtaí cásdlí fós ann san Ísiltír maidir le conas míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 4 de Threoir 2001/55 a léiriú i gcás ina gcuireann Ballstát deireadh leis an gcosaint shealadach roghnach a thug sé faoi Airteagal 7(1) den Treoir sin. I ndáil leis sin, measann an chúirt sin go bhfuil sé tábhachtach, chun aontacht an dlí a athbhunú, go bhfreagródh an Chúirt an tríú ceist a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-244/24 le haghaidh réamhrialú. Mar sin féin, d'fhéadfadh an freagra ar an gcéad dá cheist dá dtagraítear sa chás sin an scrúdú ar an tríú ceist a dhéanamh iomarcach.

76 Sna himthosca sin, chinn Raad van State (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An gcaithfear Airteagal 4 de Threoir [2001/55] a [léiriú] sa chaoi, i gcás inar bhain Ballstát úsáid as an rogha a chuirtear ar fáil le hAirteagal 7(1) den Treoir sin cosaint shealadach a dheonú faoin Treoir sin do chatagóirí eile daoine easáitithe freisin ("an grúpa roghnach"), go leanann cosaint shealadach an ghrúpa roghnaigh ní hamháin i gcás síneadh uathoibríoch dá dtagraítear in Airteagal 4(1) [de Threoir 2001/55] don tréimhse a shonraítear san fhoráil sin, ach freisin i gcás cinneadh chun síneadh a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 4(2) [den Treoir sin] don tréimhse dá dtagraítear san fhoráil sin?

2) An ndéanann sé difear don fhreagra ar an gceist cé acu a leanfaidh an chosaint shealadach arna tabhairt don ghrúpa roghnach i gcás cinneadh chun í a shíneadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2) [de Threoir 2001/55] gur chinn an Ballstát deireadh a chur leis an gcosaint shealadach a tugadh don ghrúpa roghnach sular chinn an Chomhairle an chosaint shealadach a shíneadh ar feadh bliana mar a thagraítear dó in Airteagal 4(2)?'

Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

Uamadh Chásanna C-244/24 agus C-290/24

77 Le cinneadh ó Uachtarán na Cúirte an 7 Bealtaine 2024, rinneadh Cásanna C-244/24 agus C-290/24 a uamadh chun críocha na gcodanna i scríbhinn agus na gcodanna ó bhéal den nós imeachta agus den bhreithiúnas.

Na hiarrataí ar an nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm

78 D'iarr na cúirteanna a rinne an tarchur go ndéileálfaí leis na tarchuir seo faoin nós imeachta brostaithe um réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

79 Deonaíodh na hiarratais sin le hordú ó Uachtarán na Cúirte an 12 Meitheamh 2024, *Kaduna* (C-244/24 agus C-290/24, EU:C:2024:491).

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

An tríú ceist i gCás C-244/24 agus na ceisteanna i gCás C-290/24

80 Leis an tríú ceist i gCás C-244/24 agus leis an dá cheist i gCás C-290/24, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn na cúirteanna a rinne an tarchur den Chúirt, go bunúsach, an gcaithfear Airteagail 4 agus 7 de Threoir 2001/55 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar Bhallstát, a dheonaigh cosaint shealadach do chatagóirí daoine seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382, cosaint shealadach a bhaint de na catagóirí sin daoine ar feadh ré na cosanta sealadaí sin arna cinneadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 4(2) den Treoir sin.

81 Mar a leagtar síos in Airteagal 1 de is é is cuspóir do Threoir 2001/55 chun caighdeáin íosta a bhunú maidir le cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ó thríú tíortha nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit ó thaobh na ndaoine sin a ghlacadh agus ó thaobh déileáil leis na hiarmhairtí a thagann as sin. Mar is léir ó Airteagal 2(a) den Treoir sin, is é is aidhm do chur chun feidhme na cosanta sin, *inter alia*, cosc a chur ar phlódú nósanna imeachta lena mbeartaítear cosaint idirnáisiúnta a dheonú mar gheall ar iarratais ar stádas dídeanaí a bheith á gcur isteach ag líon mór agus ag an am céanna, ar mhaithe leis na daoine easáitithe sin agus le hiarratasóirí eile ar chosaint idirnáisiúnta araon.

82 Maidir leis an gcóras cosanta sealadaí agus láithrí sin, ar léiriú é ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta idir na Ballstáit i gcur chun feidhme an bheartais tearmainn, dá dtagraítear in Airteagal 80 CFAE, is de chineál eisceachtúil é, áfach, agus ní mór é a fhorchoimeád do chásanna insreafa ollmhóir daoine easáitithe, mar a luaitear in aithrisí 2 agus 13 agus in Airteagal 2(a) den Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Nollaig 2011, *NS agus páirtithe eile*, C-411/10 agus C-493/10, EU:C:2011:865, mír 93). Tugann sé cearta níos teoranta dá thairbhithe freisin ná na cearta sin a eascraíonn as cosaint idirnáisiúnta a dheonú, de réir bhrí Threoir 2011/95 (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2017, *an tSlóvaic agus an Ungáir* v *an Chomhairle*, C-643/15 agus C-647/15, EU:C:2017:631, mír 257).

83 I gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2001/55, is le Cinneadh ón gComhairle a chinntear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe, arna ghlacadh trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún. Tá an cinneadh sin bunaithe, *inter alia*, ar scrúdú ar staid agus ar scála gluaiseachtaí daoine easáitithe agus ar mheasúnú a dhéanamh an bhfuil cosaint shealadach oiriúnach, ag cur san áireamh infhaighteacht nó neamhdhóthanacht na cabhrach éigeandála agus na mbeart ar an láthair. Tá sé d'éifeacht ag an gcinneadh sin go n-eascraíonn cur chun feidhme cosanta sealadaí as sna Ballstáit uile atá faoi cheangal ag Treoir 2001/55 maidir leis na grúpaí sonracha daoine a ndéantar cur síos orthu sa chinneadh sin, ón dáta a shocraítear leis an gcinneadh sin ('cosaint shealadach éigeantach').

84 Ar bhonn Airteagal 5 de Threoir 2001/55, an 4 Márta 2022 ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin. Bhí sé d'éifeacht ag teacht i bhfeidhm an Chinnidh Cur Chun Feidhme sin, a rinneadh an lá céanna, go mbeadh cosaint shealadach éigeantach á cur chun feidhme, ón dáta sin, ar mhaithe

leis na catagóirí daoine a shainaithnítear in Airteagal 2(1) den chinneadh sin, chomh maith leis na catagóirí daoine dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den chinneadh sin, mura rud é gur dheonaigh na Ballstáit cosaint leordhóthanach dóibh faoina ndlí náisiúnta.

85 Go sonrach, leanann sé ó Airteagal 2(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 go bhfuil feidhm ag an gcinneadh sin maidir le trí chatagóir de dhaoine easáitithe ón Úcráin an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin, tar éis ionradh míleata na Rúise, eadhon, ar an gcéad dul síos, náisiúnaigh de chuid na hÚcráine a bhí ina gcónaí san Úcráin roimh an dáta sin, ar an dara dul síos, daoine gan stát agus náisiúnaigh tríú tír seachas an Úcráin a thairbhigh de chosaint idirnáisiúnta nó de chosaint náisiúnta choibhéiseach san Úcráin roimh an dáta sin agus, ar an tríú dul síos, baill teaghlaigh an dá chatagóir daoine sin.

86 Ina theannta sin, de bhun Airteagal 2(2) den Chinneadh Cur Chun Feidhme seo, cuirfidh na Ballstáit an Cinneadh sin i bhfeidhm nó cuirfidh siad cosaint leordhóthanach i bhfeidhm faoina ndlí náisiúnta, i ndáil le daoine gan stát, agus náisiúnaigh tríú tíortha seachas an Úcráin, ar féidir leo a chruthú go raibh cónaí orthu go dleathach san Úcráin roimh an 24 Feabhra 2022 ar bhonn cead buanchónaithe bailí arna eisiúint i gcomhréir le dlí na hÚcráine, agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha.

87 Is léir ó na horduithe tarchuir nach dtagann na náisiúnaigh tríú tír atá i gceist sna príomhimeachtaí faoi aon cheann de na catagóirí daoine dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382. Ní náisiúnaigh de chuid na hÚcráine, ná tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta ná cosaint choibhéiseach san Úcráin iad, ná baill teaghlaigh na náisiúnach nó na dtairbhithe sin. Ina theannta sin, ní raibh ach cead cónaithe sealadach acu san Úcráin.

88 Tá sé tábhachtach, áfach, a chur in iúl, faoi Airteagal 7(1) de Threoir 2001/55, go bhféadfaidh na Ballstáit cosaint shealadach a dheonú d'aon chatagóir daoine nach gcumhdaítear leis an gcinneadh ón gComhairle lena gcuirtear an chosaint sin chun feidhme, ar choinníoll gur easáitíodh na daoine sin ar na cúiseanna céanna agus ón tír thionscnaimh chéanna nó ón réigiún tionscnaimh céanna. Le hAirteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382, meabhraítear go bhféadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 7, an cinneadh cur chun feidhme sin a chur i bhfeidhm maidir le daoine eile, lena n-áirítear daoine gan stát agus náisiúnaigh tríú tír seachas an Úcráin, a bhí ina gcónaí go dleathach san Úcráin agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha.

89 Mar is léir ó mhíreanna 37 go 42, 49 agus 50 den bhreithiúnas seo, bhí sé beartaithe ag údaráis na hÍsiltíre, ar an gcéad dul síos, rogha den sórt sin a fheidhmiú trí shochar na cosanta sealadaí a leathnú chuig catagóir náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát nach dtagraítear go hiomlán di in Airteagal 2(1) agus (2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382, eadhon sealbhóirí uile cheadanna cónaithe na hÚcráine, lena n-áirítear ceadanna cónaithe sealadacha, a bhí bailí an 23 Feabhra 2022 agus ar dócha gur fhág siad an Úcráin tar éis an 26 Samhain 2021, gan measúnú a dhéanamh an raibh siad in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha.

90 Mar sin féin, chinn na húdaráis sin ina dhiaidh sin – le hAirteagal 3.9a(1)(c) de Rialachán na nEachtrannach 2000, sa leagan a bhí i bhfeidhm ón 19 Iúil 2022 – an chosaint sin a shrianadh do chatagóir daoine níos srianta, eadhon sealbhóirí ceada buanchónaithe bhailí de chuid na hÚcráine

an 23 Feabhra 2022 agus ar dócha ina leith, ar an gcéad dul síos, gur fhág siad an Úcráin tar éis an 26 Samhain 2021 agus, ar an dara dul síos, nár léiríodh gur fhill siad ar a dtír thionscnaimh tar éis an 23 Feabhra 2022.

91 Maidir le daoine, amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach bhfuil cead buanchónaithe den sórt sin de chuid na hÚcráine acu ach ar deonaíodh cosaint shealadach roghnach dóibh cheana roimh an 19 Iúil 2022, tugadh isteach socruithe idirthréimhseacha, lena bhforáiltear, i gcás na ndaoine sin, go dtiocfadh deireadh leis an gcosaint sin an 4 Márta 2023. Cuireadh síneadh leis an gcóras idirthréimhseach sin go dtí an 4 Meán Fómhair 2023 le Rialachán 2023. Ina theannta sin, mar is léir ó mhíreanna 45, 52 agus 72 den bhreithiúnas seo, chinn an Raad van State (an Chomhairle Stáit) ina bhreithiúnas an 17 Eanáir 2024, nach bhféadfadh an Státrúnaí an chosaint shealadach roghnach a tharraingt siar, ón 4 Meán Fómhair 2023, do dhaoine a aithníodh cheana féin, ach go dtiocfadh deireadh leis an gcosaint sin go huathoibríoch an 4 Márta 2024, an dáta a scoirfeadh an chosaint shealadach arna deonú ag an gComhairle in éagmais Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409.

92 Chun freagra úsáideach a thabhairt do na cúirteanna a rinne an tarchur, is gá, dá bhrí sin, a chinneadh, ar an gcéad dul síos, an bhféadfaí cosaint shealadach roghnach a dheonú don chatagóir sin daoine, ar bhonn Airteagal 7 de Threoir 2001/55, sular scrúdaíodh an raibh údaráis na hÍsiltíre in ann, faoin Treoir sin, arna léamh i gcomhar le Cinntí Cur Chun Feidhme 2022/382 agus 2023/2409, an chosaint sin a tharraingt siar, cé nár tháinig deireadh leis an gcosaint shealadach éigeantach, arna cur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382.

Maidir le daoine atá incháilithe le haghaidh cosaint shealadach roghnach

93 Ar an gcéad dul síos, mar a meabhraíodh i mír 88 den bhreithiúnas seo, tugtar de chumhacht do na Ballstáit le hAirteagal 7(1) de Threoir 2001/55 an chosaint shealadach dá bhforáiltear leis an Treoir sin a leathnú chuig catagóirí daoine seachas iad siúd arna n-ainmniú ag an gComhairle ar choinníoll gur easáitíodh na daoine sin ar na cúiseanna céanna agus ón tír thionscnaimh chéanna nó ón réigiún tionscnaimh céanna.

94 Dá bhrí sin, déanann Ballstát a bhaineann úsáid as an rogha a chuirtear ar fáil leis an bhforáil sin dlí an Aontais a chur chun feidhme, ionas nach féidir leis cosaint shealadach roghnach a dheonú do dhaoine nár easáitíodh ar na cúiseanna céanna agus ón tír thionscnaimh nó ón réigiún tionscnaimh céanna le daoine a thairbhíonn de chosaint shealadach éigeantach. Ní chuireann cinneadh den sórt sin cosc, áfach, ar na Ballstáit ceart cónaithe a dheonú ar bhonn a ndlí náisiúnta amháin, go háirithe ar fhorais dhaonnúla, do chatagóirí daoine nach dtagann faoi raon feidhme na forála sin (féach, de réir analaí, breithiúnais an 9 Samhain 2010, *B agus D*, C-57/09 agus C-101/09, EU:C:2010:661, míreanna 116 go 118, agus an 12 Meán Fómhair 2024, *Changu*, C-352/23, EU:C:2024:748, mír 48).

95 Ar an dara dul síos, leanann sé ó Airteagal 3.9a(1)(c) de Rialachán na nEachtrannach 2000, sa leagan a bhí i bhfeidhm idir an 4 Márta 2022 agus an 18 Iúil 2022, gur dheonaigh údaráis na hÍsiltíre cosaint shealadach do shealbhóirí uile cheadanna cónaithe na hÚcráine, lena n-áirítear ceadanna cónaithe sealadacha, a bhí bailí an 23 Feabhra 2022 agus ar dócha gur fhág siad an Úcráin tar éis an 26 Samhain 2021, is é sin le rá, 90 lá roimh an dáta a chuir fórsaí armtha na Rúise tús le hionradh na hÚcráine, dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382. Thairis sin, níor ceanglaíodh leis an bhforáil sin measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach

raibh na daoine sin in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha. Is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh an raibh údaráis na hÍsiltíre i dteideal, faoi dhlí an Aontais, cosaint shealadach den sórt sin a dheonú do na daoine sin go léir.

96 I ndáil leis sin, is léir, ar an gcéad dul síos, ó Airteagal 2(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 go bhfuil feidhm ag an gcinneadh sin maidir leis na catagóirí daoine, a liostaítear san fhoráil sin, a easáitíodh ón Úcráin an 24 Feabhra 2022 nó ina dhiaidh sin, tar éis ionradh míleata fhórsaí armtha na Rúise a thosaigh ar an dáta sin. Dá bhrí sin, is é an chúis atá le cosaint shealadach éigeantach a chur chun feidhme, mar a shainaithin an Chomhairle sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin, ná ionradh fhórsaí armtha na Rúise ar an Úcráin a thosaigh an 24 Feabhra 2022.

97 Is léir ón gcomhad os comhair na Cúirte gur ghlac údaráis na hÍsiltíre an tréimhse 90 lá, dá dtagraítear i mír 95 den bhreithiúnas seo, chun comhfhreagairt d'fhad na tréimhse fanachta ar chríoch an Aontais Eorpaigh a bhféadfadh rochtain a bheith ag náisiúnaigh tríú tír nó ag daoine gan stát uirthi faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán 2016/399, arna leasú le Rialachán 2018/1240.

98 Mar sin féin, is féidir caitheamh le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát, a d'iarrfaí orthu filleadh ar an Úcráin go gairid tar éis d'fhórsaí armtha na Rúise tús a chur leis an ionradh ar an tríú tír sin, ar an mbealach céanna le daoine atá a easáitíodh mar thoradh ar ionradh den sórt sin chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 7 de Threoir 2001/55 agus Airteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382.

99 Thairis sin, tacaítear le léiriú den sórt sin le haithris 14 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382, lena spreagtar na Ballstáit chun breithniú a dhéanamh ar chosaint shealadach a leathnú chuig daoine a theith ón Úcráin go gairid roimh an 24 Feabhra 2022, nuair a tháinig méadú ar an teannas, nó a bhí ar chríoch an Aontais Eorpaigh díreach roimh an dáta sin agus nach féidir leo filleadh ar an Úcráin mar gheall ar an gcoinbhleacht armtha.

100 Ar an dara dul síos, ní sháraítear ach oiread an coinníoll, a leagtar síos in Airteagal 7(1) de Threoir 2001/55, nach mór tairbhithe de chosaint shealadach roghnach a bheith easáitithe ar na cúiseanna céanna agus ón tír thionscnaimh chéanna nó ón réigiún tionscnaimh céanna le tairbhithe de chosaint shealadach éigeantach le cinneadh údaráis na hÍsiltíre cosaint shealadach roghnach den sórt sin a dheonú ar dtús do dhaoine gan stát agus do náisiúnaigh tríú tír a raibh cead cónaithe sealadach acu san Úcráin, gan beann ar an bhféadfaidís filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go dtagraítear go sainráite in Airteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382, i measc tairbhithe féideartha de chosaint shealadach roghnach, do dhaoine gan stát agus do náisiúnaigh tríú tír a bhí ag fanacht go dleathach san Úcráin agus nach bhfuil in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh i ndálaí sábháilte marthanacha, gur léir nach luaitear an chatagóir sin in Airteagal 2(3) ach amháin mar shampla.

101 Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 7 de Threoir 2001/55 agus Airteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 a léirmhíniú sa chaoi go gceadaítear do Bhallstát tairbhe na cosanta sealadaí roghnach a dheonú do náisiúnaigh tríú tír nó do dhaoine gan stát a bhfuil cead cónaithe sealadach bailí acu san Úcráin an 23 Feabhra 2022 agus ar dócha gur fhág siad an tír sin tar éis an 26 Samhain 2021, gan measúnú a dhéanamh an bhfuil siad in ann filleadh ar a dtír thionscnaimh nó ar a réigiún tionscnaimh faoi dhálaí sábháilte marthanacha.

Maidir le fad na cosanta sealadaí roghnaí

102 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, faoi Airteagal 4(1) de Threoir 2001/55, gur bliain amháin, i bprionsabal, atá i ré tosaigh na cosanta sealadaí éigeantaí agus, ag deireadh na tréimhse bliana sin, go bhféadfar síneadh bliana ar a mhéad a chur leis an gcosaint shealadach éigeantach go huathoibríoch ar feadh thréimhsí 6 mhí.

103 Ina theannta sin, leanann sé ó Airteagal 4(2) de Threoir 2001/55, má tá cúiseanna ann chun cosaint shealadach éigeantach a choimeád níos faide ná an tréimhse 2 bhliain dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Treoir sin, go bhféadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh, trí thromlach cáilithe, an chosaint shealadach sin a fhadú ar feadh tréimhse bliana.

104 Mar sin féin, faoi Airteagal 6(1)(b) de Threoir 2001/55, féadfaidh an Chomhairle a chinneadh, tráth ar bith, deireadh a chur leis an gcosaint shealadach éigeantach. Leanann sé ó Airteagal 6 go nglactar cinneadh den sórt sin ón gComhairle, ar an gcéad dul síos, trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus, ar an dara dul síos bunaithe ar an gcinneadh go gceadaítear le daoine a thairbhigh de chosaint shealadach filleadh go sábháilte agus go marthanach mar gheall ar an staid sa tír thionscnaimh, agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha mar aon le hoibleagáidí *non-refoulement* na mBallstát á n-urramú ag an am céanna.

105 Ar an dara dul síos, ó tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 4 de, an 4 Márta 2022, cuireadh cosaint shealadach éigeantach i bhfeidhm den chéad uair ar feadh tréimhse tosaigh bliana go dtí an 4 Márta 2023, de bhun Airteagal 4(1) de Threoir 2001/55. De réir na forála sin, cuireadh síneadh leis an gcosaint sin go huathoibríoch ar feadh dhá thréimhse chomhleanúnacha 6 mhí, is é sin le rá, ar dtús go dtí an 4 Meán Fómhair 2023 agus ansin go dtí an 4 Márta 2024. Ar deireadh, de bhun Airteagal 4(2), chuir an Chomhairle síneadh leis an gcosaint sin faoi dhó ar feadh tréimhse bliana an ceann, ar dtús go dtí an 4 Márta 2025 de bhun Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409, ansin go dtí an 4 Márta 2026 de bhun Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2024/1836.

106 Ar an tríú dul síos, mar a cuireadh in iúl i mír 91 den bhreithiúnas seo, maidir le daoine, amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí, ar deonaíodh cosaint shealadach roghnach dóibh ar bhonn chóras na hÍsiltíre is infheidhme idir an 4 Márta 2022 agus an 18 Iúil 2022, ach nár chomhlíon na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3.9a(1)(c) de Rialachán na nEachtrannach 2000, sa leagan a bhí i bhfeidhm ón 19 Iúil 2022, tugadh isteach socruithe idirthréimhseacha. Foráladh leis an gcóras idirthréimhseach sin, ar dtús, maidir leis na daoine sin, gur tháinig deireadh leis an gcosaint shealadach roghnach a deonaíodh cheana an 4 Márta 2023, rud a tharla i gcomhthráth le tréimhse tosaigh chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382. Ar an dara dul síos, cuireadh síneadh leis an gcóras idirthréimhseach sin go dtí an 4 Meán Fómhair 2023, an dáta ar tháinig deireadh leis an gcéad síneadh uathoibríoch ar an gcinneadh sin. Le breithiúnas an 17 Eanáir 2024, áfach, chinn Raad van State (an Chomhairle Stáit) nach bhféadfadh an Státrúnaí an chosaint shealadach roghnach a tharraingt siar ón dáta sin, ach go dtiocfadh deireadh leis an gcosaint sin go huathoibríoch an 4 Márta 2024, is é sin le rá, ar an dáta deiridh a eascraíonn as Airteagal 4(1) de Threoir 2001/55, a mbeadh deireadh leis an gcosaint shealadach in éagmais cinneadh arna ghlacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 4(2).

107 Dá bhrí sin, scoir an chosaint shealadach roghnach a dheonaigh údaráis na hÍsiltíre do náisiúnaigh tríú tíortha, amhail na náisiúnaigh sna príomhimeachtaí, d'éifeacht a bheith aici sular tháinig deireadh leis an gcosaint shealadach éigeantach.

108 I bhfianaise na soiléirithe tosaigh sin, is gá a chinneadh an gceanglaítear le hAirteagail 4 agus 7 de Threoir 2001/55 go leanfar den tairbhe a bhaineann leis an gcosaint shealadach roghnach arna deonú ag údaráis na hÍsiltíre do náisiúnaigh tríú tír den sórt sin fad a bheidh an chosaint shealadach éigeantach arna cur chun feidhme ag an gComhairle de bhun Airteagal 5 den Treoir sin éifeachtach nó, ar a laghad, go dtí deireadh an fhadaithe uathoibríoch ar fhad tosaigh na cosanta sealadaí éigeantaí sin, dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

109 Ar an gcéad dul síos, ní mór a chur in iúl go leanann sé as foclaíocht Airteagal 7(1) de Threoir 2001/55 go bhfágtar faoi gach Ballstát a chinneadh cosaint shealadach roghnach a chur chun feidhme, ar chúiseanna a mheasann sé a bheith iomchuí, lena n-áirítear ar chúiseanna daonnúla, carthanachta nó eagraíochtúla. Thairis sin, mar is léir ó mhíreanna 93 go 101 den bhreithiúnas seo, fágann an fhoráil sin corrlach leathan lánroghnach ag na Ballstáit maidir leis na catagóirí daoine atá incháilithe do chosaint den sórt sin a chinneadh, ar choinníoll gur easáitíodh na daoine sin ar na cúiseanna céanna agus ón tír thionscnaimh chéanna nó ón réigiún tionscnaimh céanna.

110 In éagmais tuilleadh sonraí ina leith sin, fágann Airteagal 7(1) de Threoir 2001/55 saoirse ag na Ballstáit freisin an dáta óna bhfuil sé beartaithe acu cosaint shealadach roghnach a dheonú a chinneadh, ar choinníoll go dtiteann an dáta sin idir an dáta a thiocfaidh an chosaint shealadach éigeantach i bhfeidhm agus an dáta a scoirfidh sí d'éifeacht a bheith aici.

111 Ar an dara dul síos, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 118 go 122 dá Thuairim, coinníonn na Ballstáit smacht ar fhad na cosanta sealadaí roghnaí is mian leo a dheonú, ar choinníoll go dtagann an tréimhse sin faoin gcreat ama chun an sásra cosanta sealadaí a chur chun feidhme, arna shainiú ar leibhéal an Aontais. A mhéid nach n-eascraíonn an chosaint shealadach a dheonaítear faoi Airteagal 7(1) de Threoir 2001/55 as oibleagáid a leagtar síos le dlí an Aontais ach as cinneadh uathrialach Ballstáit catagóir thairbhithe na cosanta sin a leathnú, ní mór don Bhallstát sin a bheith in ann í a tharraingt siar go neamhspleách freisin.

112 Ní chaitear amhras ar an gcinneadh sin toisc go luaitear in Airteagal 7(1) de Threoir 2001/55 go bhféadfaidh na Ballstáit cosaint shealadach 'dá bhforáiltear sa Treoir seo' a dheonú do chatagóirí daoine seachas iad siúd dá dtagraítear sa Chinneadh ón gComhairle. Leis an soiléiriú sin, níl d'aidhm ag Airteagal 7 ach a áirithiú, gan dochar do mhír 2 de, go ndeonófar freisin na cearta a dheonaítear do thairbhithe de chosaint shealadach éigeantach i gCaibidlí III agus IV den Treoir sin do thairbhithe de chosaint shealadach roghnach go dtí go ndéanfaidh an Ballstát a dheonaigh an chosaint sin í a fhoirceannadh.

113 Ar an tríú dul síos, tacaítear leis an léiriú sin ar Airteagal 7(1) de Threoir 2001/55, arna ghlacadh i míreanna 109 go 112 den bhreithiúnas seo, leis an gcuspóir a shaothraítear leis an Airteagal sin, is é sin na Ballstáit a spreagadh chun catagóirí na ndaoine easáitithe atá incháilithe le haghaidh cosaint shealadach a leathnú, agus le haidhm níos ginearálta na Treorach, mar a mheabhraítear i mír 81 den bhreithiúnas seo, chun ró-ualú an chórais chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú a sheachaint. Trí úsáid a bhaint as an rogha dá bhforáiltear leis an Airteagal sin, fiú i gcás catagóirí teoranta daoine easáitithe nó ar feadh tréimhse níos giorra ná cosaint shealadach éigeantach, cuireann an Ballstát lena mbaineann baint amach na gcuspóirí sin chun cinn.

114 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 127 dá Thuairim, dá gcuirfí toirmeasc ar Bhallstát tairbhe a bhaint as cosaint shealadach roghnach roimh dheireadh na cosanta sealadaí éigeantaí arna socrú ar leibhéal an Aontais, bheadh sé d'éifeacht aige sin na Ballstáit a

dhíspreagadh ón rogha dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 2001/55 a chur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, bac a chur ar na cuspóirí a shaothraítear leis an Airteagal sin agus leis an Treoir sin.

115 Dá bhrí sin, faoi Airteagal 7(1) de Threoir 2001/55, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, gan bhac, deireadh a chur leis an gcosaint shealadach roghnach a dheonaigh siad roimh dheireadh na cosanta sealadaí éigeantaí a socraíodh ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, cheanglaítear orthu fad na cosanta sealadaí roghnach sin a ailíniú le tréimhse tosaigh na cosanta sealadaí éigeantaí nó lena síneadh uathoibríoch, dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) den Treoir sin, ná leis an tréimhse sin a eascraíonn, i gcás inarb iomchuí, as a síneadh roghnach, dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin.

116 Tá na héagothromaíochtaí a d'fhéadfadh teacht as saoirse gach Ballstáit, dá bhrí sin, fad na cosanta sealadaí roghnaí a bhfuil sé beartaithe aige a dheonú do chatagóirí breise daoine easáitithe a chinneadh, go hiomlán comhoiriúnach le raon feidhme agus cuspóir Airteagal 7 de Threoir 2001/55. Mar is léir ó mhíreanna 109 go 115 den bhreithiúnas seo, cheap reachtóir an Aontais an tAirteagal sin mar fhoráil roghnach a fhágann a cur chun feidhme corrlach lánroghnach ag na Ballstáit, agus mar thoradh air sin, eascraíonn éagothromaíochtaí sa reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cumhacht den sórt sin chun feidhme go nádúrtha as an rogha a rinne an reachtóir sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Nollaig 2019, *Bevándorlási és Menekültügyi Hivatal (Athaontú teaghlaigh – Deirfiúr dídeanaí)*, C-519/18, EU:C:2019:1070, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

117 Ar an gceathrú dul síos, cé gur fíor, agus Treoir 2001/55 á glacadh aige, gur fheidhmigh reachtóir an Aontais an inniúlacht a thugtar dó le hAirteagal 63(2)(a) agus (b), CE (Airteagal 78(2)(c) CFAE anois), ar inniúlacht roinnte é, mar a dheimhnítear le hAirteagal 4(2)(j) CFAE, is amhlaidh fós, trí bhíthin Airteagal 7 den Treoir sin, gur fhág an reachtóir sin go sainráite faoi na Ballstáit an rogha daoine a ainmniú nó gan iad a ainmniú, thar na daoine sin arna n-ainmniú ag an gComhairle, a fhéadfaidh leas a bhaint as na cearta a eascraíonn as an Treoir sin.

118 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 132 dá Thuairim, ós rud é, thairis sin, gurb ann do rogha den sórt sin arna tabhairt ag an reachtóir sin do na Ballstáit, is féidir diúltú don argóint, i réimse inniúlachta comhroinnte idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit, gur chaill na Ballstáit a n-inniúlacht chun gníomhú a luaithe a bheidh a inniúlacht feidhmithe ag an Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn na náisiúnaigh tríú tír atá i gceist sna príomhimeachtaí, ní raibh sé d'éifeacht ag glacadh Threoir 2001/55 an fhéidearthacht a bhaint de na Ballstáit teorainn a chur leis an tréimhse ina bhfuil sé beartaithe acu cosaint shealadach roghnach a dheonú do chatagóirí áirithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát.

119 Sa chúigiú háit, tá sé neamhábhartha freisin, de bhua Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409, go gcumhdaítear leis an síneadh leis an gcosaint shealadach, dá bhforáiltear leis an gcinneadh sin, gach duine easáitithe ón Úcráin a chumhdaítear le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382, lena n-áirítear, dá bhrí sin, daoine a bhfuil cosaint shealadach roghnach acu, dá dtagraítear in Airteagal 2(3) den Chinneadh Cur Chun Feidhme.

120 Ní dhéantar le hAirteagal 1 den chinneadh sin ach Treoir 2001/55 a chur chun feidhme, ionas nach mbeidh sé ag teacht salach ar an gcuspóir a shaothraítear le hAirteagal 7 den Treoir sin ná ábhar reachtach na Treorach sin a athrú (féach, de réir analaí, breithiúnas an 28 Feabhra 2023, *Fenix International*, C-695/20, EU:C:2023:127, míreanna 49 agus 50). Dá bhrí sin ní féidir teorainn a chur, le hAirteagal 1, ar an lamháil rogha a thugtar do na Ballstáit le hAirteagal 7.

121 Dá réir sin, níl feidhm ag Airteagal 2(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382 maidir le tairbhithe de chosaint shealadach roghnach ach amháin a mhéid nár chuir an Ballstát lena mbaineann deireadh leis an gcosaint sin agus nach bhfuil síneadh na cosanta sealadaí, dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409, ina cheangal ar na Ballstáit ach amháin a mhéid a bhaineann le tairbhithe de chosaint shealadach éigeantach.

122 Ós rud é go dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2023/2409 do na daoine uile dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2022/382, gan iad siúd a chumhdaítear le mír 3 den Airteagal sin a eisiamh, ní mór a thuiscint, dá bhrí sin, go bhfuil na cearta uile a eascraíonn as Treoir 2001/55 go dtí an 4 Márta 2025 ag tairbhithe na cosanta sealadaí roghnaíarna deonú ag Ballstát, i bprionsabal, ar choinníoll go staonfaidh an Ballstát sin ó dheireadh luath a chur leis an gcosaint sin.

123 Leanann sé ó na breithnithe go léir roimhe seo go n-údaraítear le dlí an Aontais, i bprionsabal, do Bhallstát sochar na cosanta sealadaí roghnaí a dheonaigh sé ar dháta roimh an dáta a scoirfidh cosaint shealadach éigeantach d'éifeacht a bheith aici a tharraingt siar.

124 Ba cheart a mheabhrú, áfach, agus an rogha a thugtar dóibh le hAirteagal 7 de Threoir 2001/55 á feidhmiú acu, go bhfuil dlí an Aontais á chur chun feidhme ag na Ballstáit, lena n-áirítear nuair a chinneann siad an chosaint shealadach roghnach a dheonaigh siad roimhe sin do náisiúnaigh tríú tír áirithe nó do dhaoine gan stát a tharraingt siar. Dá bhrí sin, ní féidir le cinneadh den sórt sin tarraingt siar dochar a dhéanamh do chuspóirí ná d'éifeachtacht na Treorach sin, agus ní mór dó, go háirithe, prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear prionsabail an ionchais dhlisteanaigh agus na deimhneachta dlíthiúla a chosaint (féach, chuige sin, breithiúnais an 12 Nollaig 2019, *Bevándorlási és Menekültügyi Hivatal (Athaontú teaghlaigh – Deirfiúr dídeanaí)*, C-519/18, EU:C:2019:1070, míreanna 62 agus 64, agus an 17 Samhain 2022, *Avicarvil Farms*, C-443/21, EU:C:2022:899, mír 38].

125 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maidir le cuspóirí agus éifeacht úsáideach Threoir 2001/55 a chosaint, is léir ó Airteagal 2(a) di gurb é cuspóir an tsásra cosanta sealadaí, *inter alia*, feidhmiú cuí an chórais cosanta idirnáisiúnta laistigh de na Ballstáit a chaomhnú.

126 Sonraítear in Airteagal 3 den Treoir sin, thairis sin, go bhfuil cosaint shealadach gan dochar d'aitheantas do stádas dídeanaí faoin gCoinbhinsiún maidir le Stádas Dídeanaithe, dá dtagraítear i mír 6 den bhreithiúnas seo, cé go bhforáiltear le hAirteagal 17 den Treoir sin nach mór do thairbhithe de chosaint shealadach a bheith in ann iarratas ar thearmann a thaisceadh tráth ar bith agus nach mór scrúdú na n-iarratas nár próiseáladh roimh dhul in éag thréimhse na cosanta sealadaí a chur i gcrích ina dhiaidh sin.

127 Dá bhrí sin, áirithítear le Treoir 2001/55, *inter alia*, go gcaomhnófar an fhéidearthacht éifeachtach atá ag náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát a bhfuil cosaint shealadach acu cosaint idirnáisiúnta a fháil, tar éis scrúdú iomchuí a dhéanamh ar a staid aonair, agus cosaint nach bhfuil chomh fairsing sin a ráthú dóibh láithreach, mar a mheabhraítear i mír 82 den bhreithiúnas seo.

128 Dá bhrí sin, bheadh sé contrártha leis an gcuspóir sin agus le héifeachtacht Threoir 2001/55 mura gcuirfí i gcrích an scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thíolaic na náisiúnaigh tríú tír agus na daoine gan stát sin, i gcás inarb iomchuí, agus nach bhfuil cinneadh déanta ina leith go fóill, i ndian-chomhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as Treoir 2013/32, tar éis dhul in éag na cosanta sealadaí roghnaí.

129 Thairis sin, a luaithe a bheidh deireadh leis an gcosaint shealadach roghnach, ní féidir cosc a chur ar na náisiúnaigh tríú tír agus na daoine gan stát sin a gceart chun iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta a fheidhmiú go héifeachtach, ar céim fhíor-riachtanach é sa nós imeachta chun an chosaint sin a dheonú (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta)*, C-808/18, EU:C:2020:1029, mír 99).

130 I ndáil leis sin, ní fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar an bhfíric nár thug tairbhí de chosaint shealadach freagra dearfach ar iarraidh údaráis an Bhallstáit lena mbaineann a chinneadh an raibh sé beartaithe ag an tairbhí sin leanúint den scrúdú ar a iarratas ar chosaint idirnáisiúnta go n-aicmeofaí aon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanfaidh sé ina dhiaidh sin mar iarratas iardain de réir bhrí Airteagal 2(q) de Threoir 2013/32, a d'fhéadfaí a mheas a bheith neamh-inghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 33(2)(d) den Treoir sin. Go háirithe, ní hionann mainneachtain freagra a thabhairt den sórt sin agus tarraingt siar sainráite na hiarrata sin, de réir bhrí Airteagal 2(q) den Treoir sin.

131 Ar an dara dul síos, maidir leis an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, ní mór a mheabhrú go gcumhdaítear leis an gceart chun brath ar an bprionsabal sin aon duine ar thug údarás náisiúnta riaracháin air ionchais a ghlacadh a bhfuil údar leo mar thoradh ar dhearbhuithe beachta a thug an t-údarás sin dó. Mar sin féin, ní féidir brath ar phrionsabal chosaint an ionchais dhlisteanaigh i gcoinne foráil shonrach de dhlí an Aontais agus ní fhéadfaidh iompar údaráis náisiúnta atá freagrach as dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, atá contrártha le dlí an Aontais, a bheith ina chúis le hionchas dlisteanach ag duine aonair tairbhe a bhaint as cóir atá contrártha do dhlí an Aontais. Ní féidir le cleachtas Ballstáit nach gcomhlíonann reachtaíocht an Aontais a bheith ina chúis le hionchas dlisteanach ó thaobh tairbhí aonair den chás a chruthaítear ar an gcaoi sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Meitheamh 2012, *Association nationale d'assistance aux frontières pour les étrangers*, C-606/10, EU:C:2012:348, mír 81, agus an 17 Samhain 2022, *Avicarvil Farms*, C-443/21, EU:C:2022:899, míreanna 39 go 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

132 Thairis sin, de réir cásdlí socair, níl údar maith ag daoine aonair ionchas dlisteanach a bheith acu go gcoinneofar staid atá ann cheana a d'fhéadfaí a athrú agus lánrogha institiúidí an Aontais á feidhmiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *Kapniki A. Michailidis*, C-99/22, EU:C:2023:382, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

133 Sa chás seo, mar a tugadh faoi deara i míreanna 104 agus 111 den bhreithiúnas seo, leanann sé, ar an gcéad dul síos, ó Airteagal 6(1)(b) de Threoir 2001/55 go bhféadfaidh an Chomhairle deireadh a chur le cosaint shealadach éigeantach tráth ar bith agus, ar an dara dul síos, ó Airteagal 7 den Treoir sin nach bhféadfaidh na Ballstáit an chosaint shealadach roghnach atá bunaithe acu, i gcás inarb iomchuí, tar éis an dáta ar tháinig deireadh leis an gcosaint shealadach éigeantach a choinneáil. Dá bhrí sin, sa chás seo, ní fhéadfadh údaráis na hÍsiltíre ráthaíochtaí beachta a thabhairt do thairbhithe de chosaint shealadach roghnach i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le híosfhad na cosanta sin seachas an dearbhú gur gheall na húdaráis sin gan deireadh a chur leis an gcosaint shealadach roghnach sular scoir an chosaint shealadach éigeantach d'éifeacht a bheith aici.

134 Mar sin féin, ní cosúil gur thug údaráis na hÍsiltíre dearbhú den sórt sin do na náisiúnaigh tríú tír atá i gceist sna príomhimeachtaí, dearbhú atá le fíorú, áfach, ag na cúirteanna a rinne an tarchur.

135 Is léir ó na breithnithe roimhe seo nach mór Airteagail 4 agus 7 de Threoir 2001/55 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar Bhallstát, a dheonaigh cosaint shealadach do chatagóirí daoine seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) den Chinneadh Cur Chun Feidhme, tairbhe na cosanta sealadaí roghnaí sin a tharraingt siar ó na catagóirí daoine sin sula dtiocfaidh deireadh leis an gcosaint shealadach éigeantach, arna cinneadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 4(2) den Treoir sin. Féadfaidh an Ballstát sin tairbhe na cosanta sealadaí a thug sé do na catagóirí sin daoine a tharraingt siar ar dháta roimh an dáta a scoirfidh an chosaint shealadach arna cinneadh ag an gComhairle d'éifeacht a bheith aici, ar choinníoll, *inter alia*, nach mbaineann an Ballstát sin an bonn de chuspóirí ná d'éifeachtacht Threoir 2001/55 agus go gcomhlíonann sí prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais.

An chéad cheist agus an dara ceist i gCás C-244/24

136 Leis an gcéad dá cheist, nach mór a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur i gCás C-244/24, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 6 de Threoir 2008/115 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar náisiúnach tríú tír atá ina chónaí go dleathach ar chríoch Bhallstáit a bheith faoi réir cinneadh um fhilleadh ar bhonn na rogha arna feidhmiú ag an mBallstát sin cosaint shealadach roghnach a dheonú sula dtiocfaidh deireadh leis an gcosaint sin, i gcás inar cosúil go scoirfidh an chosaint sin d'éifeacht a bheith aici ar dháta atá le teacht agus go gcuirfear éifeachtaí an chinnidh sin ar fionraí go dtí an dáta sin.

137 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 2(1) de Threoir 2008/115, go bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir le haon náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch Bhallstáit. Dá bhrí sin, sainmhínítear raon feidhme Threoir 2008/115 trí thagairt a dhéanamh do staid an fhanachta neamhdhleathaigh ina bhfuil an náisiúnach tríú tír féin, beag beann ar na cúiseanna leis an staid sin nó ar na bearta is féidir a ghlacadh i ndáil leis an náisiúnach sin (breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2024, *Ararat*, C-156/23, EU:C:2024:892, míreanna 31 agus 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

138 Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh Ballstát cinneadh um fhilleadh a ghlacadh, de réir bhrí Airteagal 6 de Threoir 2008/115, ach amháin i ndáil le náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a chríoch (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Meitheamh 2018, *Gnandi*, C-181/16, EU:C:2018:465, míreanna 37, 38 agus 59, agus an 9 Samhain 2023, *Odbor azylové a migrační politiky MV (Raon feidhme na Treorach um Fhilleadh)*,C-257/22, EU:C:2023:852, mír 39).

139 Údaraítear le hAirteagal 6(6) den Treoir sin, ar a mhéad, cinneadh a ghlacadh maidir le deireadh an fhanachta dhlíthiúil ag an am céanna le cinneadh um fhilleadh i gcomhthéacs an ghnímh riaracháin chéanna, ós rud é go gceadaítear leis an bhféidearthacht carntha sin do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin as a n-eascraíonn na cinntí sin agus na nósanna imeachta achomhairc a thionscnaítear ina gcoinne comhchéimneach, nó comhdhlúite fiú, agus deacrachtaí praiticiúla a bhaineann le fógra a thabhairt faoi chinntí um fhilleadh a shárú (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Meitheamh 2018, *Gnandi*, C-181/16, EU:C:2018:465, mír 49).

140 Dá bhrí sin, cuirtear cosc le Treoir 2008/115 ar Bhallstát cinneadh um fhilleadh a ghlacadh i ndáil le náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go dleathach ar a chríoch.

141 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 151 dá Thuairim, cé go luann an t-údarás náisiúnta inniúil go sainráite, sa chinneadh um fhilleadh, nach bhfuil éifeacht ag an gcinneadh sin fad a fhanfaidh fanacht an duine lena mbaineann dleathach, ní chaitear amhras ar chonclúid den sórt sin.

142 Ar an gcéad dul síos, leanann sé ó Airteagal 3(1) de Rialachán 2018/1860 nach mór gach cinneadh um fhilleadh, a luaithe a ghlacfar é, a bheith faoi réir foláireamh ón mBallstát lena mbaineann in SIS gan mhoill chun 'an oibleagáid um fhilleadh a fhíorú agus chun tacú le forghníomhú na gcinntí um fhilleadh', lena n-áirítear i gcás nach bhfuil éifeacht láithreach ag an gcinneadh sin. Sa chás sin, ar an dáta a eisítear an foláireamh sin, tá an duine lena mbaineann fós ag fanacht go dleathach ar chríoch an Bhallstáit sin agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an ceart aige nó aici taisteal chuig Ballstáit eile.

143 Ar an dara dul síos, eisíonn an t-údarás inniúil náisiúnta réamhchinneadh um fhilleadh den sórt sin gan bheith in ann aon athrú ar imthosca a chur san áireamh a tharlaíonn idir glacadh an chinnidh sin agus deireadh fhanacht dlíthiúil an duine lena mbaineann agus a bhfuil tionchar suntasach aige ar an measúnú ar staid an duine sin i bhfianaise Threoir 2008/115, go háirithe Airteagal 5 di.

144 Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara, murab ionann agus an méid a áitíonn Rialtas na hÍsiltíre, nach ionann cinneadh um fhilleadh a ghlacadh de shárú ar an gceanglas substainteach dá dtagraítear i mír 140 den bhreithiúnas seo agus mainneachtain oibleagáid nós imeachta a chomhlíonadh, amhail an ceart chun éisteacht a fháil, a bhí i gceist sa chás as ar eascair breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2013, *G. agus R.* (C-383/13 PPU, EU:C:2013:533). Ní mór, dá bhrí sin, pionós a ghearradh as sárú ar cheanglas substainteach den sórt sin, gan é a bheith riachtanach a scrúdú an bhféadfadh cinneadh difriúil a bheith mar thoradh ar an údarás inniúil mura ndearna sé an neamhrialtacht sin.

145 Ar an dara dul síos, leanann sé, ar an gcéad dul síos, as Airteagal 8 de Threoir 2001/55, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(g), nach mór don Bhallstát lena mbaineann an tairbhí de chosaint shealadach a eisiúint le cead cónaithe a chuireann ar a chumas cónaí ar chríoch an Bhallstáit sin.

146 Ar an dara dul síos, mar a luaitear i mír 112 den bhreithiúnas seo, ní mór go mbeadh ag tairbhithe de chosaint shealadach roghnach arna cur chun feidhme ag Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 7 den Treoir sin, na cearta go léir a thugtar leis an Treoir sin do thairbhithe de chosaint shealadach éigeantach. Dá réir sin, ceanglaítear ar an mBallstát sin cead cónaithe a dheonú do thairbhithe de chosaint shealadach roghnach a chuirfidh ar a gcumas cónaí ar a chríoch fad nach dtarraingeofar siar an chosaint sin.

147 Dá bhrí sin, fad a leanann na daoine sin de thairbhe a bhaint as cosaint shealadach roghnach, tá siad ag fanacht go dleathach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann agus, dá bhrí sin, ní féidir leo a bheith faoi réir cinneadh um fhilleadh, de réir bhrí Threoir 2008/115.

148 Ní thagann forálacha Threoir 2001/55 atá dírithe go sonrach ar fhilleadh salach ar chonclúid den sórt sin.

149 Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagal 20 den Treoir sin, i gcás ina dtiocfaidh deireadh leis an gcosaint shealadach, do chur i bhfeidhm an ghnáthdhlí maidir le cosaint agus maidir le heachtrannaigh sna Ballstáit, 'gan dochar d'Airteagail 21, 22 agus 23' den Treoir sin. Ní dhéanann na hAirteagail sin difear don phrionsabal nach bhféadfar cinneadh um fhilleadh, de réir bhrí Threoir 2008/115, lena gceanglaítear ar an duine lena mbaineann críoch an Aontais Eorpaigh a fhágáil, a ghlacadh ach amháin i ndáil le náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach.

150 In aon chás, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2008/115, go mbeidh feidhm ag an Treoir sin gan dochar d'fhorálacha *acquis communautaire* maidir le hinimirce agus tearmann, lena n-áirítear forálacha Threoir 2001/55, a mhéid atá na forálacha sin níos fabhraí don náisiúnach tríú tír. Ní hamhlaidh atá i gcás foráil lena n-údaraítear do na Ballstáit cinntí um fhilleadh a ghlacadh roimh ré.

151 Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn Rialtas na hÍsiltíre, níl aon rud ann a thabharfadh le tuiscint go n-áiritheofaí cosaint bhreithiúnach níos fearr do na daoine lena mbaineann dá nglacfaí cinneadh um fhilleadh go luath. Is amhlaidh is mó fós an cás ós rud é, mar is léir ón ordú tarchuir i gCás C-244/24, go dtosaíonn an tréimhse chun caingean a thionscnamh i gcoinne cinneadh den sórt sin ag rith ó dháta a ghlactha agus ní ón dáta a thosaíonn sé ag cruthú a éifeachtaí.

152 Ar an tríú dul síos agus ar deireadh, is fíor, mar a thugann Rialtas na hÍsiltíre le fios, ar dhul in éag don chosaint shealadach roghnach, go bhféadfadh sé go mbeadh ar na húdaráis náisiúnta atá freagrach as cinntí um fhilleadh a eisiúint aghaidh a thabhairt ar líon suntasach cásanna aonair nach mór a scrúdú go comhuaineach, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú na n-údarás sin. Mar sin féin, ní leor riosca den sórt sin ann féin chun maolú ar an bprionsabal a luaitear i mír 147 den bhreithiúnas seo a cheadú.

153 Ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, ní fhéadfaidh Ballstát deacrachtaí inmheánacha a phléadáil chun údar a thabhairt le mainneachtain oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *UFC – Que choisir agus CLCV*, C-407/21, EU:C:2023:449, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

154 Ina dhiaidh sin, ní thagann an áit chónaithe ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann do gach duine a bhain leas as cosaint shealadach roghnach chun bheith neamhrialta go huathoibríoch ón dáta a fhoirceanntar an chosaint sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go ndearna cuid de na daoine sin, *inter alia*, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus, i bprionsabal, go bhfuil sé de cheart acu fanacht ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, ceart lena gcuirtear cosc ar chinneadh um fhilleadh a ghlacadh ina leith, ar a laghad go dtí go ndéanfar cinneadh maidir lena n-iarratas (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Samhain 2021, *an Coimisiún* v *an Ungáir (Cúnamh d'iarrthóirí tearmainn a choiriúlú)*, C-821/19, EU:C:2021:930, mír 137).

155 Ina theannta sin, cé gur fíor go bhfuil sé de cheart ag an náisiúnach tríú tír nó ag an duine gan stát a thuairim nó a tuairim a chur in iúl, sula nglacfar cinneadh um fhilleadh a bhaineann leis nó léi, maidir le dlíthiúlacht a fhanachta nó a fanachta, maidir le cur i bhfeidhm féideartha Airteagal 5 agus Airteagal 6(2) go (5) de Threoir 2008/115 agus maidir leis na socruithe chun é nó í a fhilleadh, is féidir leis an mBallstát lena mbaineann éisteacht leis an duine sin ar dháta nach bhfuil cónaí air nó uirthi go neamhdhleathach fós ar a chríoch, ar choinníoll nach gcaithfear amhras ar an deis atá ag an duine sin a bharúlacha nó a barúlacha a chur isteach go fóinteach agus go héifeachtach (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Samhain 2014, *Mukarubega*, C-166/13, EU:C:2014:2336, míreanna 69 go 71, agus an 11 Nollaig 2014, *Boudjlida*, C-249/13, EU:C:2014:2431, mír 68).

156 Ar deireadh, cé gurb é is cuspóir do Threoir 2008/115 beartas éifeachtach aistrithe agus aisdúichithe a bhunú, ní mór, i bprionsabal, aistriú náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a bheith ina thosaíocht ag na Ballstáit (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2013, *G. agus R.*, C-383/13 PPU, EU:C:2013:533, mír 43), is fíor fós nach mór do na Ballstáit sin a áirithiú freisin go gcomhlíonfar na ceanglais shubstainteacha agus nós

imeachta atá orthu faoi dhlí an Aontais, ionas go ndéanfar na náisiúnaigh sin a aisdúichiú ar bhealach daonnúil agus lánurraim á tabhairt dá gcearta bunúsacha agus dá ndínit (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Aibreán 2023, *M. D. (Cosc ar theacht isteach san Ungáir)*, C-528/21, EU:C:2023:341, mír 72).

157 Is é sin le rá, i gcás ina bhfuil líon an-mhór cásanna aonair le scrúdú go comhuaineach os comhair údaráis Bhallstáit atá freagrach as cinntí um fhilleadh a ghlacadh, mar gheall ar dhul in éag na cosanta sealadaí roghnaí a dheonaigh an Ballstát sin, ní chuirtear cosc le Treoir 2008/115 ach ar na húdaráis sin cinntí um fhilleadh a bheith éagsúil, thar thréimhse réasúnta i bhfianaise cás den sórt sin, atá le heisiúint i ndáil le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit sin mar gheall ar dheireadh a bheith leis an gcosaint shealadach roghnach a bhí acu.

158 Leanann sé ó na breithnithe roimhe seo nach mór Airteagal 6 de Threoir 2008/115 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar náisiúnach tríú tír atá ina chónaí go dleathach ar chríoch Bhallstáit a bheith faoi réir cinneadh um fhilleadh ar bhonn na rogha arna feidhmiú ag an mBallstát sin cosaint shealadach roghnach a dheonú sula dtiocfaidh deireadh leis an gcosaint sin, fiú i gcás inar cosúil go scoirfidh an chosaint sin d'éifeacht a bheith aici ar dháta atá le teacht agus go gcuirfear éifeachtaí an chinnidh sin ar fionraí go dtí an dáta sin.

Costais

159 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagail 4 agus 7 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir Ballstáit ó thaobh na daoine sin a ghlacadh agus ó thaobh déileáil leis na hiarmhairtí a thagann as sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní cuirtear cosc leo ar Bhallstát, a dheonaigh cosaint shealadach do chatagóirí daoine seachas iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 2(1) agus (2) den Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin, de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach, tairbhe na cosanta sealadaí roghnaí sin a bhaint de na catagóirí sin daoine ar feadh ré na cosanta sealadaí sin arna cinneadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 4(2) den Treoir sin. Féadfaidh an Ballstát sin tairbhe na cosanta sealadaí a thug sé do na catagóirí sin daoine a tharraingt siar ar dháta roimh an dáta a scoirfidh an chosaint shealadach arna cinneadh ag an gComhairle d'éifeacht a bheith aici, ar choinníoll, *inter alia*, nach mbaineann an Ballstát sin an bonn de chuspóirí ná d'éifeachtacht Threoir 2001/55 agus go gcomhlíonann sí prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais.

2. Maidir le hAirteagal 6 de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar náisiúnach tríú tír atá ina chónaí go dleathach ar chríoch Bhallstáit ar bhonn na rogha a d'fheidhmigh an Ballstát sin chun tairbhe cosanta sealadaí roghnaí a dheonú dó, dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 2001/55, a bheith faoi réir cinneadh um fhilleadh sula mbeidh deireadh leis an gcosaint sin, fiú má dhealraíonn sé go scoirfidh an chosaint sin d'éifeacht a bheith aici ar dháta atá le teacht agus go gcuirfear éifeachtaí an chinnidh sin ar fionraí go dtí an dáta sin.

Sínithe